An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

# An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Tuarascáil Bhliantúil 2020

# Clár an Ábhair


**Achoimre Fheidhmeach** 1

**1 Caiteachas Poiblí a Bhainistiú ar Shlí Níos Fearr** 7

1.1. Próiseas na Meastachán a Bhainistiú 7
1.2. Bainistiú Caiteachas Vótáilte 8
1.3. Bainistiú Caiteachas Caipitil 9
1.4. Seirbhís Eacnamaíochta agus Luachála Rialtas na hÉireann 11
1.5. Cuntasaíocht Rialtais 12

**2 AE, Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta** 14

2.1. Breatimeacht 14
2.2. Gnóthaí AE 14
2.3. Áis Téarnaimh agus Teacht Aniar 14
2.4. Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta 14
2.5. Comhoibriú Thuaidh Theas 15
2.6. Cláir Chistí Struchtúracha an AE 15
2.7. Beartas na gCistí Struchtúracha agus Infheistíochta Eorpacha (CSIE) 16

**3 Pá na Seirbhíse Poiblí, Pinsin agus Caidreamh Tionsclaíoch** 18

3.1. Ag Dul ó Neart go Neart: Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021 - 2022 18
3.2. Anailís Beartais ar an Rannóg um Pá agus Pinsin 18
3.3. Caidreamh Tionsclaíoch 18
3.4. Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair 19
3.5. Beartas um Pinsean na Seirbhíse Poiblí 20

**4 Athnuachan na Státseirbhíse** 22

4.1. Clár Athnuachana na Státseirbhíse 22
4.2. Straitéis Daoine na Státseirbhíse 2017-2020 23

**5 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí** 29

5.1. Ár Seirbhís Phoiblí 2020 29
5.2. Oscailteacht, Trédhearcacht agus Freagracht 32
5.3. Bearta Reachtúla agus Rialachais Phoiblí 33

**6 Rialtas Digiteach** 36

6.1. Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) 36
6.2. Forbairtí Móra TFC sa Roinn 36
6.3. Mórghníomhaíochtaí Straitéis TFC na Státseirbhíse 2020 37
6.3.1. Tógáil le Roinnt 37

6.3.2. Digiteach ar dTús 39
6.3.3. Sonraí mar Chumasóir 39
6.3.4. Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023 39
6.3.5. An Rialachas a Fheabhsú 40
6.3.6. Acmhainn Mhéadaithe 40
6.4. Straitéis TFC na Státseirbhíse – an Chéad Ghlúin Eile 41
6.4.1. Straitéis ríomh-Rialtais 2017-2020 41
6.4.2. GovTech 41
6.5. Rannpháirtíocht ag Leibhéal AE agus Idirnáisiúnta 41
6.5.1. Rialachán na Tairsí Digití Aonair 42
6.5.2. Seirbhísí Leictreonacha Aitheantais agus Iontaofachta - eIDAS 42

**7 An Soláthar Poiblí 43**

7.1. Athchóiriú an tSoláthair Phoiblí 43
7.2. Soláthar Poiblí Straitéiseach 43
7.3. Creata Soláthair na Seirbhíse Poiblí 44
7.4. Soláthar don Tógáil 44
7.5. Teagmháil le Páirtithe Leasmhara 45
7.6. Úsáid Mhéadaithe na Teicneolaíochta Digití 46
7.7. Tuarascáil ar Chaiteachas agus ar Anailís Tairisceana na Seirbhíse Poiblí 47
7.8. Tacaíocht d'Fhoireann OGP 47

**8 Tacaíocht don Fhoireann a gCuspóir a Bhaint Amach 49**

8.1. Straitéis People@PER 49
8.2. Comhpháirtíochtaí Gnó AD 49
8.3. Oibríochtaí AD 50
8.4. Forbairt na hEagraíochta 50
8.5. Bainistiú Corparáideach 50
8.6. Iniúchadh Inmheánach agus AE 51
8.7. Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis (CMO) 52

**Aguisín 1: Soláthar Poiblí Glas 53**

**Aguisín 2: Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí 54**

# Achoimre Fheidhmeach

### Maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil seo

Tháinig athrú as cuimse ar chomhthéacs straitéiseach obair na Roinne le linn 2020. Dhá chúis a bhí leis an athrú seo – (i) paindéim Covid-19 agus (ii) cruthú Rialtas nua agus ceapadh Aire nua

Bhí tionchar an-suntasach ag paindéim Covid-19 ar ról na Roinne san iomad réimsí. Tá tuilleadh mionsonraí leagtha amach síos tríd an tuarascáil seo ach áirítear orthu, mar shampla:

- an tionchar ollmhór ar an gciste poiblí ag bearta a tugadh isteach chun tacú lenár bpobal agus lenár ngnólachtaí;
- an clár oibre claochlú digiteach a thabhairt chun cinn trí thacú leis an aistriú chuig cianobair mhórscála, réitigh dhigiteacha ar dhúshláin a bhain leis an bpaindéim a chur chun cinn (m.sh. an Aip Rianaithe Teagmhálaithe) agus úsáid thairseach gov.ie mar chroíchainéal cumarsáide;
- ceannaireacht a léiriú le cois cur chuige comhoibrithe poiblí ar fud na seirbhíse chun ceisteanna casta a tháinig aníos d'fhostaithe seirbhíse poiblí a bhainistiú;
- aistriú chuig córas ar líne foghlaim agus tacaí *OneLearning* agus tacaíocht do bhaill foirne i ngach cuid den Státseirbhís tríd an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe agus Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis; agus
- tabhairt faoi thosaíochtaí agus dúshláin soláthair ag éirí as an bpaindéim.

Lena chois sin, dála gach eagrais, bhí tionchar an-suntasach oibríochta ag an bpaindéim ar an Roinn. Sa chomhthéacs seo, an toradh a bhí ar fheidhmiú Phlean Leanúnachais Gnó Covid-19 na Roinne a chur ar chumas gach ball foirne bainteach, gan mhoill, a bheith ag obair ó chian. D'fhreagair an fhoireann go maith don dúshlán óir glactar go forleathan leis na slite nua oibre agus leanadh de sheachadadh bhunfheidhmeanna na Roinne sa timpeallacht athraithe seo.

Le cruthú an Rialtais nua i Meitheamh, ceapadh Aire agus Aire Stáit nua na Roinne. Rinneadh obair shuntasach ar thacú leis na hAirí ina róil nua agus ullmhaíodh agus foilsíodh sainchúram Aireachta cuimsitheach. Ar aon dul leis an Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, forbraíodh Ráiteas Straitéise nua agus cuireadh faoi bhráid an Aire é roimh dheireadh 2020. Cuimsítear sa straitéis seo, a críochnaíodh agus a foilsíodh i mí Eanáir 2021, Misean athbhreithnithe agus Spriocanna Straitéiseacha agus leagtar amach inti treo straitéiseach na Roinne go ceann trí bliana.

### Caiteachas Poiblí a Bhainistiú

In 2020, bhí tionchar suntasach ar an gciste poiblí le teacht ghéarchéim Covid-19. Bhí an staid fhioscach ag tús na géarchéime sách dearfach agus bhí barrachas ginearálta rialtais dar suim 0.4% de OTI in 2019 agus buiséad comhardaithe i dtéarmaí struchtúracha. In 2020, cláraíodh easnamh Státchiste dar suim €12.3 billiún, €13 billiún ón mbliain roimhe. Cé go bhfuil an figiúr deiridh le cinntiú fós, meastar go mbeidh an t-easnamh Státchiste ag cur le heasnamh rialtais foriomlán dar suim €19 billiún sa bhliain nó thart ar 5.5% de OTI.

Rinne an Roinn maoirseacht ar ollchaiteachas vótáilte foriomlán dar suim €85.3 billiún. Is ionann seo agus beagnach €17.9 billiún níos airde ná 2019 agus beagnach €15 billiún níos airde ná an leithdháileadh iomlán bliana a leagadh amach sna Meastacháin Athbhreithnithe réamh-Covid i leith Seirbhísí Poiblí 2020. Leis an méadú seo, léirítear an maoiniú breise suntasach a leithdháileadh chun tacú le saoránaigh agus gnólachtaí agus chun croísheirbhísí poiblí a mhaoiniú le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéim Covid-19.

Maidir le caiteachas caipitiúil go sainiúil, €9.6 billiún an t-ollchaiteachas caipitil vótáilte don bhliain agus is ionann sin agus méadú €2.3 billiún ar chaiteachas caipitil in 2019. San áireamh sa chaiteachas seo in 2020, tugadh beagán níos mó ná €0.7 billiún ar aghaidh go dtí 2021.

Chomhordaigh agus bhainistigh an Roinn an próiseas Orduithe Aistriú Feidhmeanna le go bhfeidhmeofaí Cinneadh an Rialtais i Meitheamh 2020 Ranna Stáit a athstruchtúrú agus teidil nua a thabhairt orthu le gur fearr a ailíneofar iad le cuspóirí tosaíochta an Rialtais nuathofa.

Roimh an gCáinaisnéis, d'fhoilsigh an Roinn an Nuashonrú Caiteachtas Réamh-Cháinaisnéise inar leagadh amach tionchar na n-aistrithe agus na bhfeidhmeanna seo ar leithdháiltí Roinne agus tugadh tuilleadh mionsonraí maidir leis na tacaí a tugadh isteach mar fhreagairt do Covid-19. Ba thúsphointe í an tuarascáil fosta d'idirphlé buiséid ag an Oireachtas. Ar lá na cáinaisnéise (13 Deireadh Fómhair), d'fhoilsigh an Roinn Tuarascáil Chaiteachais 2021, inar leagadh amach caiteachas iomlán €87.8 billiún in 2021 agus maoiniú teagmhais €2 billiún san áireamh agus Ciste Téarnaimh €3.4 billiún le tabhairt faoi thionchair phaindéim Covid-19.

Thosaigh timthriall nua trí bliana a fhad le 2022 don Athbhreithniú Caiteachais agus de chuspóir aige tógáil ar an méid a gnóthaíodh ón mbabhta roimhe agus an próiseas a threisiú i roinnt réimsí, lena n-áirítear teagmháil leis na Ranna líne a fheabhsú. In athbhreithniú 2020, foilsíodh 23 páipéar athbhreithnithe caiteachais agus 2 pháipéar measúnaithe tionchair shóisialta. Cumhdaíodh san obair seo roinnt bunréimsí polasaí, lena n-áirítear sláinte, oideachas agus tithíocht, ag tógáil a thuilleadh ar an mbonn fianaise a bhí ann cheana.

Tacaíodh le feidhmiú Tionscadal Éireann 2040 in 2020 trí roinnt croíthorthaí, lena n-áirítear feidhmiú an Chóid Caiteachais Phoiblí chun an treoir ar infheistíocht phoiblí a threisiú agus foilsiú: Build 2020 – Construction Sector Performance and Prospects; an dara Tuarascáil Bhliantúil ina leagtar amach dul chun cinn go dtí seo i seachadadh uirlis mhapála Myprojectireland mapping tool agus Investment Tracker nuashonraithe agus méadaithe.

Tá an Roinn ag leanúint den chreat cuntasaíochta caiteachais phoiblí a nua-aoisiú i dtreo córas cuntasaíochta atá bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta. Tá creat Caighdeáin Idirnáisiúnta Cuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS) á athbhreithniú le go nglacfar leis in Éirinn. Cuireadh tús le Comhairliúchán le croípháirtithe leasmhara agus leanfar de in 2021.

### AE, Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta

Lean an Roinn den ullmhú i gcomhair na Breatimeachta i ngach cás roimh dheireadh na tréimhse aistrithe, agus chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna atá tagtha aníos sna réimsí polasaí as a bhfuil sí freagrach, chomh maith le tionchar Breatimeachta ar an ngeilleagar ina iomláine.

Thosaigh obair ar dhá shruth nua maoinithe de chuid an AE, an Áis Téarnaimh agus Acmhainneachta agus an Cúlchiste Coigeartú Breatimeachta. Leanfaidh an Roinn de bhuntosaíocht a dhéanamh de na sruthanna maoinithe seo agus d'fhorbairtí AE i gcoitinne.

### Polasaí Comhtháthaithe agus Cistí Struchtúracha

Rinne an Roinn maoirseacht ar bhainistiú Chláir Cistí Struchtúracha AE reatha 2014-2020. Cuimsíodh leis seo clárú don Tionscnamh Infheistíochta Freagairt Coróinvíris (CRII) agus an Tionscnamh Infheistíochta Freagairt Coróinvíris Plus agus REACT-EU.

Tugadh idirphlé ag leibhéal Meithle agus Aireachta i leith tréimhse chlárú 2021-2027 go maith chun tosaigh agus thángthas ar chomhaontú polaitíochta idir an Pharlaimint agus an Chomhairle ar bhunús gach gné de phacáiste reachtaíochta an pholasaí Comhtháthaithe i mí na Nollag 2020 agus comhaontú deiridh ar na téacsanna dleathacha i Márta 2021. Táthar ag dúil go gcuirfear an próiseas seo i gcrích agus go n-achtófar é ag tarraingt ar dheireadh R2 2021

Bhain an Roinn roinnt garspriocanna amach i bhforbairt an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Chláir Oibríochta ERDF i dtréimhse 2021-2027, lena n-áirítear glacadh le hAnailís Riachtanais Socheacnamaíocha agus cur i gcrích comhairliúcháin phoiblí. Tugadh chun tosaigh pleanáil do chlár nua PEACE PLUS Thuaidh Theas do 2021-2027, a thiocfaidh in áit chláir reatha trasteorann PEACE agus INTERREG, agus rinneadh dul chun cinn fosta in obair ar fhorbairt agus pleanáil cláir i gcomhair 3 chlár chomhoibrithe Trasnáisiúnta na hÉireann in 2021-2027.

### Pá, pinsin agus Caidreamh Tionsclaíoch na Seirbhíse Poiblí

Bhainistigh an Roinn réimse de dhúshláin caidreamh tionsclaíoch le linn 2020 agus, san am céanna, cinntíodh gur bainistíodh an bille pá agus pinsin Seirbhíse Poiblí ar bhealach inbhuanaithe laistigh den chreat Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (CCSP) 2018-2020. Díol suntais gur phléigh an Roinn comharba CCSP (Building Momentum: A New Public Service Agreement 2021–2022) a bheidh le leas thart ar 367,000 státseirbhíseach agus trína gcuirfear creat ar fáil chun cobhsaíocht a choinneáil i ngach gné den Chaidreamh Tionsclaíoch i rith a shaolré.

Lean an Roinn fosta de dhíriú ar iarrachtaí na nÚdarás Bainteach an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair a chur chun feidhme; comhlánaíodh athbhreithniú achtúireach ar dhliteanais pinsean seirbhíse poiblí; agus tugadh chun cinn forbairt polasaí agus anailíse ar roinnt ceisteanna a bhaineann le pá agus pinsin na seirbhíse poiblí.

### Athnuachan na Státseirbhíse

Thug an Roinn chun cinn Clár Athnuachana na Státseirbhíse. Chomh maith leis an gclár iomlán athnuachana a chomhordú, is de chúram na Roinne é fosta tionscadail áirithe athnuachana a sheachadadh agus tá mionsonraí ar dhul chun cinn ina leith seo leagtha amach i bpríomhchodanna na Tuarascála Bliantúla. Áirítear le tionscadail shuntasacha le linn na bliana Suirbhé Rannpháirtíocht Fostaithe na Státseirbhíse 2020 (lena n-áirítear módúl speisialta taighde ar obair ó chian le linn phaindéim Covid-19); Ócáid Aitheantais Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2020; agus próiseas dian iomlán rialtais chun fís nua agus straitéis deich mbliana a fhorbairt don Státseirbhís.

### Straitéis Daoine don Státseirbhís 2017-2020

Ar aon dul le Plean Athnuachana na Státseirbhíse, chuir an Roinn, i bpáirt le mórphobal AD na Státseirbhíse Straitéis Daoine don Státseirbhís 2017-2020 i bhfeidhm le linn 2020. Féachtar sa Straitéis le tacú le seachadadh seirbhíse den chaighdeán is airde don Stát agus don phobal trí thosaíocht straitéiseach a dhéanamh de AD le 3 thosaíocht eile: Bheith inár dTogha Fostóra; Lucht Saothair an Ama Atá le Teacht a Chothú; agus Bainisteoirí a Chothú, Tacú leo agus a Luach a Chur Orthu mar Fhorbróirí Daoine.

Cuireadh leis an ról chun ceannaireacht, treo agus cur chuige comhoibríoch iomlán na seirbhíse poiblí a chur ar fáil, agus an pobal acmhainní daonna (AD) seirbhíse poiblí rannpháirteach, agus bainistiú na gceisteanna casta atá tagtha aníos d'fhostóirí seirbhíse poiblí i gcomhthéacs ghéarchéim Covid-19. Cuimsíodh sa fhreagairt: cruthú treorach agus Ceisteanna Coitianta (CCanna) d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí; forbairt polasaí Sannadh Sealadach agus scéim chun tacú le seirbhísí riachtanacha i ngach cuid den tSeirbhís Phoiblí; forbairt Obair sa Bhaile le linn Covid-19: Treoir d'Eagrais Státseirbhíse agus soláthar Deasc Chabhrach Covid-19 don tSeirbhís Phoiblí.

Aistriú go dtí córas ar líne foghlaim agus tacaí de *OneLearning* agus an Fhoireann Shinsearach Seirbhíse Poiblí (SPS) agus tacaíocht leanúnach do bhaill foirne i ngach cuid den Státseirbhís tríd an CSEAS. Gearrliostaíodh *OneLearning* agus an Fhoireann SPS i gcomhair Ghradaim IITD i

leith Eagras Mór Foghlama agus Forbartha is Fearr agus Tionscnamh Forbartha Ceannaireachta is Fearr faoi seach.

### Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

Threoraigh an Roinn an próiseas Ár Seirbhís Phoiblí 2020 (OPS 2020), inar díríodh ar thacú le dul chun cinn inbhuanaithe, leanúnacha chun Seirbhís Phoiblí níos treise a chothú agus seirbhísí agus torthaí don phobal dar caighdeán níos fearr a sheachadadh. Moltar ann nuálaíocht agus obair níos éifeachtaí i ngach cuid den Rialtas agus béim láidir ar thorthaí an athchóirithe a thomhas.

Leanadh fosta dá chlár athchóirithe ar aidhm dó rialtas oscailte, cuntasach agus eiticiúil a sheachadadh; foilsíodh an dara hathbhreithniú reachtúil ar an Acht um Brústocaireachta a Rialáil 2015 i mí Feabhra 2020; leanadh d'fheidhmiú an Tionscnamh Sonraí Oscailte agus Éire fós ar thús cadhnaíochta san AE. tugadh tacaíocht agus comhairle a bhain le forfheidhmiú reachtaíocht Saoráil Faisnéise (FOI) do shaoránaigh agus suas le 600 comhlacht poiblí; agus tosaíodh obair ar thras-suíomh Threoir Sceithireachta AE a mbeidh leasuithe de dhíth ar an Acht um Nochtadh Cosanta ina leith le linn 2021.

### Rialtas Digiteach

Thug Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an  Rialtais (OGCIO), i gcomhpháirt le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais i ngach cuid den tSeirbhís Phoiblí, an clár oibre claochlú digiteach chun cinn i ngach cuid den Státseirbhís.

Croíthasc againn in 2020 tacú le freagairt an Roinne do phaindéim Covid-19 agus an bogadh forleathan chuig an gcianobair go luath i Márta. Chuathas i gceann roinnt tionscnamh, lena n-áirítear tuilleadh forbartha ar fhoireann seirbhísí *Build to Share* (BTS), go háirithe: eagrais nua a thabhairt ar bord na seirbhíse Barr Deisce Bainistithe: leanúint d'fheidhmiú céimneach agus forbairt na foirne Feidhmchlár agus seirbhís Gréasáin Rialtais ar fud na tíre, (lena n-áirítear obair shainiúil chun tacú le pleanáil i gcomhair Breatimeachta); tairseach gov.ie a thabhairt chun cinn, ós rud é gur croífhoinse faisnéise anois í don phobal maidir le freagairt an Rialtais don phaindéim; tacú le forbairt an Aip Rianú Teagmhálaithe agus réiteach príobháideach Néalríomhaireachta an Rialtais; agus Ionad Sonraí na Seirbhíse Poiblí a thabhairt chun cinn.

Thug an OGCIO chun cinn fosta forfheidhmiú Straitéis r-Rialtais 2017-2020 agus na Straitéise Sonraí na Seirbhíse Poiblí agus An Achta um Chomhroinnt Sonraí agus Rialachais.
Thug sé chun tosaigh an Straitéis Ghairmiúlaithe AD TFC, ag obair i bpáirt leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí; d'oibrigh chun glacadh MyGovID ag gníomhaireachtaí rialtais a mhéadú; agus d'oibrigh leis an gClár Chéim an Mháistir sa Mhargaíocht Dhigiteach i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun eispéiris custaiméirí ar sheirbhísí digiteacha rialtais a rochtain. Bhí rannpháirtíocht leanúnach aige le hinstitiúidí iltaobhacha, lena n-áirítear ECFE agus AE ar fheidhmiú na chéad chéime den Rialachán Tairseach Dhigiteach Aonair agus ghlac páirt i ngrúpaí polasaí agus teicniúla don eIDAS agus an Chomhpháirtíocht Bhlocshlabhra Eorpach.

### Soláthar Poiblí

Dhírigh an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) ar athchóiriú an tsoláthair phoiblí, ar fhorbairt Ráiteas Straitéise rannógach (a chumhdaíonn 2021-2023), ag obair tríd an mBord Athchóirithe Soláthair Eatramhach chun méadraigh thuairiscithe a fhorbairt le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an chláir athchóiriú soláthair agus a chreat riosca a athbhreithniú. D'fhoilsigh sí nóta faisnéise ar Covid-19 agus nóta faisnéise nuashonraithe ar Phleanáil Soláthar Corparáideach, chomh maith le hobair chun ceisteanna sóisialta agus timpeallachta a bheith mar chuid den soláthar poiblí. Lean sí dá hullmhúchán i gcomhair dheireadh thréimhse an aistrithe

Breatimeachta ar an 31 Nollaig agus réitigh Nóta Faisnéise mionsonraithe ar Bhreatimeacht agus Soláthar Poiblí.

Le linn 2020, bhunaigh sí 32 socrú náisiúnta tráchtála inar cumhdaíodh caiteachas measta €1.5 billiún le linn an téarma. Lena chois sin, bunaíodh ocht gconradh ar leith, inar cumhdaíodh caiteachas de bheagnach €200 milliún, lena n-áirítear Páipéar Ballóide Toghcháin agus réiteach Bainistíocht Iomlán Áiseanna don tSeirbhís Príosún. Cuireadh 662 comórtas i gcrích do chomhlachtaí seirbhíse poiblí, inar cumhdaíodh caiteachas €470 milliún.

Ba é an bunfhócas a bhain le soláthar tógála tionchar na srianta Covid-19 ar chonarthaí agus tairiscintí beo soláthair a bhainistiú. Ba é a bhí i gceist: treoirnóta ar Covid-19 agus soláthar poiblí a chur ar fáil; treoirnóta a chur ar fáil chun tionscadail a bhí á bhforbairt faoin PFN a chosaint; tabhairt faoi dhúshláin soláthar Árachas Gairmiúil Slánaíochta; forbairt caighdeán maidir le Samhaltú Faisnéis Tógála; láimhseáil boilsciú airgid maidir le fostú comhairleoirí agus conraitheoirí; agus róil a athbhreithniú sna córais réitithe aighnis i leith an chonartha oibreacha poiblí.

Bhí an OGP réamhghníomhach le líonra leathan de pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear freastal ar imeachtaí bunaithe ar earnáil agus faoi stiúir lucht tionscail agus rannpháirtíocht leanúnach in oiliúint Go2Tender de chuid InterTradeIreland. Bhí teagmháil dhíreach ag an Deasc Chabhrach Custaiméirí le cliaint agus le soláthraithe san earnáil phoiblí agus phléigh le breis agus 11,000 fiosrú, ar réitíodh 94% díobh faoi cheann 24 uair. Seachadadh 3 Fhóram Oifigeach Soláthair, ina raibh 100 Comhlacht Earnáil Phoiblí páirteach agus ar fhreastail breis agus 150 duine orthu. Sheachaid Acadamh Scileanna Tráchtála an OGP dianchúrsa 6 lá ar fheidhmiú an Chreata Bainistíochta Oibreacha Caipitil, ar fhreastail 51 státseirbhíseach air; agus 3 imeacht Sár-Ranga leathlae ar ábhair shainiúla a raibh breis agus 750 státseirbhíseach i láthair.

I measc na gcroíthionscnamh le luas a chur faoi sheachadadh digiteach sheirbhísí an OGP bhí: forbairt suíomh gréasáin Covid-19 chun go mbeadh rochtain ar bhunachar sonraí comhsheasmhach de thairiscintí tacaíochta ó lucht gnó chun cabhrú le freagairt na hÉireann do Covid-19; tabhairt chun cinn forbairt conradh nua le cur in áit an Ardáin reatha *eTenders*; tabhairt chun cinn an Chláir r-Shonraisc; agus acmhainneacht TFC a fheabhsú a thuilleadh.

Ba é an bunfhócas a bhain le Straitéis Daoine OGP EMPOWER 2019-2021 feabhsú sláinte agus folláine a mbaill foirne agus fuair an fhoireann Daoine & Cultúr aitheantas mar Fhoireann AD na Bliana 2020 ó chomhlacht gairmiúil AD (CIPD) as a gcuid oibre rannpháirtíochta chun é seo a fhorbairt. Bhuaigh an OGP 3 ghradam ar leith ag na Gradaim Soláthair Náisiúnta 2020; bhuaigh Clár r-Shonrasc Éireann an gradam le haghaidh 'An Tionscadal is Fearr Comhoibriú Seachtrach'; Bhuaigh an tionscadal Bogearraí Uathoibrithe Próiseas Róbatach gradam 'Úsáid Teicneolaíochta is Nuálaí'; agus bhuaigh an OGP an gradam 'Barr Feabhais Foriomlán sa Soláthar'.

### Tacaíocht dár bhFoireann chun a Misean a Bhaint Amach

Sheachaid an tAonad Straitéise AD Straitéis People@PER 2017-2020 na Roinne agus fócas ar leith in 2020 é tacú leis an eagras ina fhreagairt do phaindéim Covid-19 agus an t-aistriú go dtí an chianobair. Croíthionscnamh ab ea ceapadh agus seachadadh straitéis *Your PERsonal Wellbeing* agus feidhmiú céimneach clár cuimsitheach imeachtaí oiliúna agus faisnéise 'Off-Site: Insight eLearning'.

Chuir an tAonad AD ar fáil seirbhís chomhairleoireachta, lena n-áirítear cóitseáil agus tacaíocht bainistíocht líne i bhfeidhmiú polasaí agus nósanna imeachta AD chun tacú leo athruithe a thabhairt chun cinn. Leanadh de chur chuige straitéiseach maidir le leithdháileadh acmhainní

foirne agus d'oibrigh an tAonad i ndlúthpháirt le bainisteoirí IGEES maidir lena bhfeachtais shaincheaptha earcaíochta.

In ionad gnáthsheachadadh seomra ranga ó thaobh foghlaim eagraíochtúil agus tionscnaimh forbartha de, chuathas i mbun foghlaim ar líne agus seoladh ardán ***Off-Site: Insight eLearning*** na Roinne. Chuidigh an fhorbairt seo leis an Roinn gradaim 2020 Curaidh AD na hÉireann a bhuachan agus a bheith gearrliostaithe do Ghradaim AD CIPD Éireann. Cláraíodh 2,429 san iomlán de laethanta foirmiúla oiliúint foirne agus bhí 424 ball foirne páirteach, 305 díobh ar líne, in 2020. Tugadh deis do bhaill foirne fosta freastal ar thionscnaimh Oideachas Iar-Iontrála agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.

Bhí ról lárnach ag an Oifig Chorparáideach i gcomhordú na freagartha leanúnachas gnó do Covid-19. Tugadh tacaíocht chorparáideach fosta don Ard-Rúnaí agus don Roinn i gcoitinne agus comhordaíodh: forbairt Thuarascáil Bhliantúil na Roinne 2019, Plean Gnó 2020 agus Ráiteas Straitéise 2021-2023 Annual Report 2019, Business Plan for 2020, agus Statement of Strategy 2021-2023; cur chuige na Roinne i leith a bheartais rialachais, bainistíocht riosca agus soláthair, agus feidhmiú a chreata comhlíontachta. Tacaíodh leis an gCoiste Rialachais agus leis an mBord Bainistíochta ina gcuid oibre leanúnaí chun nósanna imeachta dea-chleachtais rialachais sa Roinn a mhonatóiriú agus a fheabhsú. Rinne an tAonad Airgeadais maoirseacht ar bhainstíocht airgeadais sa Roinn.

Chuir an tAonad Iniúchóireachta Inmheánach agus AE seirbhís iniúchóireachta inmheánach ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadas agus lean mar Údarás Iniúchóireachta ainmnithe d'Éirinn ó thaobh Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (ERDF) de. Rinne an Institiúid Iniúchóirí Inmheánacha Cairte measúnú cáilíochta seachtrach air agus gnóthaíodh "leibhéal ard comhlíontachta Chaighdeáin IIA".

Thug Oifig an Aire tacaíocht feidhmiúcháin do na hAirí Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Léirigh an Phreas-Oifig fís, ráiteas misin, luachanna agus obair an aire d'fhonn cumarsáid a dhéanamh ar dhóigh straitéiseach, éifeachtach le páirtithe leasmhara bainteacha. Bhí croíról ag Oifig an Ard-Rúnaí i dtacú leis an Ard-Rúnaí i gcomhthéacs a fhreagrachtaí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

### Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis (CMO)

Tugadh comhairle leighis do lucht saothair dar líon tuairim ar 42,000 státseirbhíseach, oifigeach príosúin, fostaithe tionsclaíochta de chuid an stáit agus fostaithe tionsclaíochta de chuid na bhfórsaí cosanta. Tugadh comhairle leighis fosta do réimse d'eagrais eile san earnáil phoiblí agus d'eagrais neamhthráchtála leathstáit. Ina measc seo bhí comhairle leighis réamhfhostaíochta don tSeirbhís Ceapacháin Phoiblí maidir leis an FSS agus poist sna húdaráis áitiúla.

Bhí baint lárnach ag an CMO le ceisteanna sláinte agus oibre Covid-19 sa Státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne, san earnáil oideachais go háirithe. Rinne sé duine dá dhochtúirí a ath-imlonnú go sealadach sa FSS le cuidiú le rianú Covid-19 bunaithe sna hospidéil. Choinnigh an CMO seirbhís beagnach iomlán, ag plé le 10,500 teagmhas bainistíocht cáis nach mór, in 2020, i dtuairim ar 53 Roinn agus Oifig, an chuid is mó díobh mar chomhairliúcháin fóin nó físeáin. Cuireadh tástáil Faireachas Slainte ar nós closghram ar fáil in oifig Bhaile Átha Cliath agus rinneadh bunús na n-imdhíontaí ar láthair na hoibre, amhail príosúin.

# 1 Caiteachas Poiblí a Bhainistiú ar Shlí Níos Fearr

## 1.1. Próiseas na Meastachán a Bhainistiú

I nDeireadh Fómhair, d'fhoilsigh an Roinn Tuarascáil Chaiteachais 2021 inar leagadh amach caiteachas iomlán dar suim €87.8 billiún in 2021, maoiniú teagmhais san áireamh. Ina dhiaidh sin, foilsíodh i mí na Nollag An tImleabhar Meastachán Athbhreithnithe (REV), ina leagtar amach leithdháiltí mionsonraithe caiteachais 2021.

As an tsuim iomlán €82.4 milliún a leithdháileadh ar na Ranna, tá €75.8 billiún leithdháilte ar chláir bhunchaiteachais. Léirítear fosta tacaí breise €6.6 billiún a bhaineann le freagairt Covid-19 agus Breatimeachta le cois maoiniú teagmhais breise dar suim €5.4 billiún chun plé le tionchar na géarchéime leanúnaí Covid-19 agus an RA tarraingt amach as an Aontas Eorpach.

Cuimsítear in REV fosta faisnéis feidhmíochta do gach Vóta agus leagtar amach na croísheirbhísí agus gníomhaíochtaí a mhaoinítear le hacmhainní poiblí agus tomhais ardleibhéil na dtáscairí comhthéacs agus tionchar a bhaineann leis na seirbhísí agus gníomhaíochtaí seo. Cuimsítear ann fosta faisnéis feidhmíochta a bhaineann leis an Tionscnamh Buiséadú comhionannais, mionsonraí ar chaiteachas a bhaineann le cúrsaí aeráide ar fud Ranna Rialtais agus mionsonraí ar fheidhmeanna a aistríonn idir Ranna chun athruithe atá comhaontaithe ag an Rialtas a chur chun feidhme.

| **Meastachán ar Ollchaiteachas A Vótáladh** | **€ milliún *** |
|---|---|
| Ollchaiteachas Reatha a Vótáladh (Bun) | 66,042 |
| Ollchaiteachas Caipitiúil a Vótáladh (Bun) | 9,735 |
| **Ollchaiteachas A Vótáladh (Bun)** | **75,777** |
| | |
| Caiteachas Covid-19 – Cúlchiste Teagmhasach san áireamh | 8,487 |
| Caiteachas Breise Brexit a Dáileadh ar Ranna | 100 |
| Ciste Oileán Roinnte | 50 |
| **Fo-Iomlán** | **8,637** |
| | |
| **Ollchaiteachas Iomlán A Vótáladh** | **84,414** |
| | |
| *Ciste Athshlánaithe* | *3,400* |
| | |
| **Iomlán, ina nÁirítear Cúlchiste** | **87,814** |

***B'fhéidir go mbeadh tionchar ag neasú ar na suimeanna iomlána*

D'fhoilsigh an Roinn páipéar ar úsáid cistí cáin charbóin in 2020 ina mionsonraítear na cláir chaiteachais a fhaigheann maoiniú ó cháin charbóin mhéadaithe, méadraigh do gach clár ceaptha chun an tionchar a bheadh ag an maoiniú méadaithe agus gach clár a nascadh leis an gcuspóir Forbairt Inbhuanaithe bainteach ar chuir sé leis.

Tugadh na croíthionscnaimh seo a leanas chun cinn:

- Chomhordaigh agus bhainistigh an Roinn an próiseas Orduithe Aistriú Feidhmeanna chun go bhfeidhmeofaí Cinneadh an Rialtais i Meitheamh 2020 Ranna Stáit a athstruchtúrú agus a athbhaisteadh le gur fearr a ailíneofar iad le cuspóirí tosaíochta an Rialtais nua. Achtaíodh fosta reachtaíocht chun go bhfeidhmeofaí bunú Roinn nua Rialtais Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta;

- Roimh an gCáinaisnéis, d'fhoilsigh an Roinn Nuashonrú Caiteachas Réamh-Cháinaisnéise inar leagadh amach mar a chuaigh an t-aistriú feidhmeanna i gcion ar leithdháiltí Roinne agus tugadh tuilleadh mionsonraí ar na tacaí a tugadh isteach mar fhreagairt do Covid-19. Ba thúsphointe fosta í an tuarascáil do phlé faoin gcáinaisnéis ag an Oireachtas;

- In 2020, cuireadh tús le timthriall nua trí bliana athbhreithnithe caiteachais. Le trí bliana anuas, foilsíodh breis agus 100 páipéar inar cruthaíodh lear mór fianaise do lucht déanta polasaí. Sa bhabhta nua trí bliana déanfar measúnú criticiúil ar chláir chaiteachais agus croíréimsí polasaí ar bhonn leanúnach agus fianaise a bheidh i gcroílár ceapadh polasaithe agus is í a bheidh mar bhonn eolais forbairt polasaí ag amanna ríthábhachtacha, lena n-áirítear i gcomhthéacs plé na Meastachán leis na Ranna;

- Chun infhaighteacht sonraí tuarastail AD na bhfostaithe a fheabhsú a thuilleadh chun gur fearr an bonn eolais faoi leithdháiltí an bhille tuarastail, d'oibrigh an Roinn i bpáirt le Ranna/Oifigí le socruithe a chur i bhfeidhm chun mionsonraí bandaí tuarastail a sholáthar ar bhonn ráithiúil ó 2020;

- Sa **Bhuiséadú Feidhmíochta** tá an fócas ar na torthaí a sheachadtar de mhaoiniú poiblí agus bhí forbairtí suntasacha sa tionscnamh seo in 2020. Foilsíodh an ceathrú Tuarascáil Feidhmíochta Seirbhíse Poiblí i bhformáid athbhreithnithe, níos inrochtana i mí na Bealtaine agus cuireadh i láthair foireann chiallmhar d'fhaisnéis feidhmíochta; Cuimsítear sa REV fosta faisnéis feidhmíochta i leith an daichead a cúig Vóta uile. D'éirigh leis an iarratas chuig Clár Tacaíochta Athchóiriú Struchtúrach AE (SRSP) agus dá thoradh sin bronnadh maoiniú chun an creat agus córais Buiséadú Feidhmíochta a fhorbairt, le tacaíocht ó fhoireann de chuid an ECFE. Sa tionscadal seo tá gach gné den Bhuiséadú Feidhmíochta amhail Buiséadú Comhionannais, Buiséadú Glas, Buiséadú SDG agus Buiséadú Folláine, ar aon dul leis an ngealltanas sa Chlár Rialtais creat folláine a fhorbairt. Cuireadh tús leis an gcéad chéim den tionscadal seo i R4; agus

- Leanadh den obair ar fheidhmiú mholtaí Scan ECFE ar Bhuiséadú Comhionannais in Éirinn. Is slí é an **Buiséadú Comhionannais** chun dul i mbun buiséid agus é a thuiscint mar phróiseas ina léirítear roghanna sochaíocha fadbhunaithe faoin dóigh a n-úsáidtear acmhainní seachas díreach próiseas neodrach leithdháileadh acmhainní agus cabhraíonn sé leis an Roinn a Dualgas don Earnáil Phoiblí a chomhlíonadh. Ar aon dul le croímholadh amháin, chomhlánaigh an CSO, i gcomhar leis an Roinn, Iniúchadh Sonraí Comhionannais ar fhoinsí sonraí riaracháin seirbhíse poiblí; leis an obair seo, leagadh an dúshraith i gcomhair straitéis sonraí comhionannais. Tacaítear leis an obair ar Bhuiséadú Comhionannais trí chruinnithe rialta de Ghrúpa Comhairleach Saineolaithe.

## 1.2. Bainistiú Caiteachas Vótáilte


Gach bliain, údaraíonn an Dáil maoiniú i leith sheirbhísí agus ghníomhaíochtaí an Rialtais ina sciartha caiteachais ar a dtugtar Vótaí. Is réimse ar leith caiteachas rialtais é Vóta ar de chúram Roinn nó Oifig aonair Rialtais é. Déanann an Roinn monatóireacht agus bainistiú ar chaiteachas

de réir Vótaí aonair, chomh maith le caiteachas poiblí a anailísiú agus a bhainistiú ar leibhéal comhiomlán.

Le linn 2020, rinne an Roinn monatóireacht ar chaiteachas ag gach Roinn Rialtais i gcoinne próifílí míosúla caiteachais a foilsíodh ag tús na bliana. Foilsítear na figiúirí caiteachais seo ar bhonn míosúil sa Mhonatóir Fioscach ina bhfuil croífhigiúirí ioncaim fosta arna bhfoilsiú ag an Roinn Airgeadais.

Bhí tionchar nach beag ag paindéim Covid-19 ar an tsochaí agus ar an ngníomhaíocht eacnamaíochta sa Stát agus tugadh isteach in 2020 sraith bearta caiteachais chun tacú leis an ngeilleagar, le fiontair agus le teaghlaigh; tugadh an maoiniú a bhí de dhíth le déileáil leis an bpaindéim don tseirbhís sláinte, don choimirce shóisialta agus d'earnáil an Oideachais le go bhféadfaí scoileanna agus institiúidí oideachais eile a athoscailt. De thoradh na mbeart seo, €85.3 billiún an t-ollchaiteachas foriomlán vótáilte in 2020. Tá sé seo beagnach €17.9 billiún níos airde ná caiteachas 2019 agus beagnach €15 billiún níos airde ná an leithdháileadh iomlán bliana a leagadh amach sna Meastacháin do Sheirbhísí Poiblí (REV) 2020 réamh-Covid.

**Deireadh-Mí na Nollag Ollchaiteachas Vótáilte Reatha - Athrú Bliain ar Bhliain, €m**




Scrúdaigh agus mheas an Roinn fosta moltaí ó Ranna agus Gníomhaireachtaí ar bhonn luach ar airgead agus tosaíochtaí acmhainne; thug comhairle ar cé acu ba chóir nó nár chóir na moltaí a fhaomhadh; agus d'athbhreithnigh agus thug comhairle ar pholasaí agus feidhmíocht comhlachtaí Stáit.


Mar gheall ar an gcineál róil atá aici, bíonn teagmháil fhorleitheadach ag an Roinn le Ranna agus comhlachtaí poiblí eile maidir le réimse leathan de pholasaithe earnála san uile chuid den Rialtas.

## 1.3. Bainistiú Caiteachas Caipitil

Rinne an Roinn maoirseacht ar ollchaiteachas caipitil ag Ranna dar suim  €9.6 billiún in 2020, méadú bliain ar bhliain san infheistíocht chaipitil dar suim €2.3 billiún, nó 32%, le linn olltoradh

Cuntas Leithghábhála deireadh 2019 dar suim €7.2 billiún. Cuimsíodh sa leithdháileadh caipitil maoiniú breise tuairim ar €1.7 billiún i leith Breatimeachta, Covid-19 agus bearta spreagthacha. Léirítear leis seo tiomantas an Rialtas chun caiteachas caipitil a mhéadú ar aon dul leis an bPlean Forbartha Náisiúnta.

**Caiteachas Caipitil 2019-2020**




Tionscadal Éireann 2040 - An Plean Forbartha Náisiúnta agus an Creat Pleanála Náisiúnta araon atá i gceist leis seo arna sheoladh ag an Rialtas in 2018 agus ina bhféachtar leis an mbealach a bpleanáiltear agus a seachadtar infheistíocht phoiblí a athchóiriú chun inbhuanaitheacht eacnamaíochta, shóisialta agus chomhshaoil a ghnóthú. Cuimsítear ann infheistíocht €116 billiún go ceann deich mbliana tríd an Stát-Chiste agus trí chomhlachtaí Leath-Stáit. Tá Tionscadal Éireann cheana féin ag seachadadh naisc iompair níos fearr, ag éascú torthaí sláinte agus comhshaoil níos fearr agus ag spreagadh aschur tithíochta níos airde.

Le feidhmiú an PFN, cuirtear san áireamh moltaí ó Mheasúnú Bainistíocht Infheistíocht Phoiblí (PIMA) CIA 2017 ina bhfuarthas, tríd is tríd, go mbainistíonn Éire a bonneagar poiblí go measartha maith agus dhírigh ar bhuanna agus laigí i gcóras bainistíocht infheistíochta na hÉireann arbh fhiú aird a thabhairt orthu.
Tacaíodh le feidhmiú PI2040 in 2020 trí na haschuir seo a leanas:

- Foilsiú Build 2020 – Construction Sector Performance and Prospects;
- Foilsiú Prospects Report on Ireland’s Infrastructure Pipeline ina dtugtar mionsonraí ar an 50 tionscadal is mó atá á mbeartú faoi Thionscadal Éireann 2040;
- Foilsiú Building Innovation Report ina leagtar amach réimse de ghníomhartha chun táirgeacht a fheabhsú san earnáil tógála;
- Foilsiú an dara Tuarascáil Bhliantúil ina mbreactar dul chun cinn go dtí seo ar sheachadadh le cois forbairtí polasaí ar fud an chórais;
- Foilsiú naoi dTuairisc Réigiúnach ina mionsonraítear seachadadh infheistíochta agus pleananna faoi Thionscadal Éireann 2040;
- Feidhmiú an Chóid Caiteachais Phoiblí nuashonraithe agus forbairt próiseas nua urrúis do mhórthionscadail dar costas measta breis agus €100m a thabharfar in éifeacht in 2021;

- Foilsiú Uirlis Mhapála Myprojectireland mapping tool, le cois Rianaire infheistíochta uasdátaithe, méadaithe;
- Comhdháil idirnáisiúnta a óstáil ar bhonneagar poiblí agus bunú InfraNet - an líonra gairmiúil ar bhonneagar poiblí; agus
- Feidhmiú straitéis chumarsáide Thionscadal Éireann 2040.

Mar atá breactha sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN), leanfar de **Chomhpháirtíochtaí Poiblí Príobháideacha** (CPP) a bheith mar rogha a bheidh ar fáil don rialtas tionscadail atá struchtúrtha mar is cuí agus a bhfuil luach ar airgead ag dul leo de rogha ar an ngnáth-sholáthar a fhad is go gcomhlíonann siad na tástálacha daingne a bhaineann le meastóireacht gach tionscadal infheistíochta poiblí faoin gCód Caiteachais Phoiblí
Seachas dul i mbun clár sainiúil tionscadail CPP, déantar cinntí ar dhul i mbun tuilleadh tionscadail CPP ar bhonn cás ar chás, ar na buntáistí atá le húsáid CPP i gcás gach tionscadal aonair i gcomparáid leis an ngnáthrogha soláthair.

## 1.4. Seirbhís Eacnamaíochta agus Luachála Rialtas na hÉireann

Seirbhís chomhtháthaithe tras-Rialtais í Seirbhís Eacnamaíochta agus Luachála Rialtas na hÉireann (IGEES)  a bhfuil d'aidhm aici tacú le ceapadh agus feidhmiú is fearr polasaí sa Státseirbhís trí úsáid anailís sonraí agus polasaí. Tá baill foirne IGEES ag obair i ngach Roinn agus cuireann siad le saineolas daoine a oibríonn ar cheapadh agus feidhmiú polasaí. D'ainneoin dhúshláin Covid-19, lean IGEES d'acmhainn a fhorbairt anuraidh le hearcú agus ionduchtú iontrálaithe nua á n-eagrú ó chian. San iomlán in 2020, rinne IGEES 32 Anailísí Polasaí Leibhéal Céime (Leibhéal Oifigeach Riaracháin) a earcú agus tugadh róil do 7 nEacamaí/ Anailísí Polasaí (Leibhéal Príomh-Oifigigh Chúnta). 200 Eacnamaí/ Anailísí Polasaí atá sa Státseirbhís ina hiomláine anois, 150 acu a earcaíodh trí chomórtais oscailte IGEES.

Anuraidh fosta, leanadh den tsraith foghlama agus forbartha IGEES agus d'fhresatail 141 duine ar 9 gcúrsa ar líne i rith na bliana. I measc na gcúrsaí seo bhí oiliúint ar Anailís ar Chostas is Tairbhe, Anailís Ilchritéir, Measúnú Tionchair Rialála agus ríomhchláir staitistice (R agus Stata). Chomh maith leis sin, rinne baill de IGEES módúl a éascú don Chlár Iarchéime Státseirbhíse: breacadh uirlisí déanta polasaí bunaithe ar fhianaise i láthair ORanna agus Tríú Rúnaithe nua-earcaithe i ngach cuid den Státseirbhís; oiliúint ar Chásanna Gnó ag an mbunleibhéal agus meánleibhéal araon; agus clár saincheaptha iondúchtúcháin do ORanna IGEES nua-earcaithe.

Scríobh baill foirne de chuid IGEES i Ranna éagsúla breis agus 60 páipéar inar cumhdaíodh réimse d'ábhair lena n-áirítear Covid-19, an margadh saothair, sláinte, tithíocht, tacaí fiontair, Breatimeacht agus a lán eile agus iad uile ar fáil ar shuíomh gréasáin IGEES
Foilsíodh roinnt díobh seo mar chuid d'Athbhreithniú Caiteachais 2020 Spending Review agus Cáinaisnéis 2021 Budget 2021. Thug IGEES tuilleadh tacaíochta d'úsáid ceapadh polasaí bunaithe ar fhianaise trí mhéid suntasach anailís Roinne a dhéanamh ar thionchair agus ar fhreagairtí polasaí do Covid-19 agus Breatimeacht.

Chun tacú le díospóireacht ar pholasaí agus ceapadh polasaí bunaithe ar fhianaise, anuraidh d'eagraigh IGEES ar líne, Comhdháil Bhliantúil IGEES agus d'fhreastail thart ar 100 duine ar an meán thar na trí lá i mí na Samhna 2020. Óstáladh fosta 9 Seimineár Plé ar Pholasaí Straitéiseach inar cumhdaíodh réimse leathan d'ábhair. Lena chois sin, bhí baill foirne IGEES as gach cuid den líonra páirteach i réimse de chomhdhálacha seachtracha, lena n-áirítear Ceardlann Eacnamaíochta Bhaile Átha Cliath agus Comhdháil Margadh Saothair NERI.

Is in 2020 fosta a leanadh de Chiste Taighde IGEES, a bunaíodh chun tacú le hobair anailíseach ar cheisteanna polasaí tras-rannach. Leithdháileadh ciste 2020 chun tacú le dhá thionscadal: tionscadal de chuid na Roinne Iompair ina bhfiosrófar tionchar féideartha an mhéadaithe praghsanna san eitlíocht tráchtála; tionscadal de chuid na Roinne Cirt agus Dlí ar aidhm dó faisnéis a bhailiú agus a athbhreithniú sa réimse eacnamaíocht iompair ar cheartas coiriúil, sibhialta agus inimirce agus é seo a úsáid chun bonn faisnéise a fhorbairt i gcomhair feabhsúcháin leanúnacha polasaí agus seachadta.

## 1.5. Cuntasaíocht Rialtais

Is é ról Aonad Cuntasaíochta an Rialtais (GAU) sa Roinn ná beartais chuntasaíochta rialtais, prionsabail agus nósanna imeachta a fhorbairt chun dea-bhainistíocht agus dea-chuntasacht airgeadais a chur chun cinn agus a threisiú i ngach Roinn agus Oifig Rialtais. Is de chúram Aonad Cuntasaíochta an Rialtais é fosta an Cód Cleachtais i gcomhair Rialachas Comhlachtaí Stáit, an Cód Caiteachais Phoiblí agus Treoir ar Bhainistíocht Riosca agus Iniúchadh Inmheánach do Ranna agus Oifigí Lárnacha Rialtais.

I Meán Fómhair 2020, d'fhoilsigh GAU roinnt buncháipéisí polasaí agus an chuid is suntasaí thíos:

- Aguisín ar Chothroime Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht ina leagtar amach bearta a ceapadh chun cur le héagsúlacht na ballraíochta ar Bhoird Stáit agus dul i ngleic le moltaí a rinne an Grúpa Idir-Rannach ar Chothroime Inscne ar Bhoird Stáit (2019); agus
- Treoir ar Athbhreithniú Tréimhseach Criticiúil (PCR) ar Chomhlachtaí Stáit Neamhthráchtála, a chuidíonn le Ranna Rialtais i mbainistiú a bhfreagrachtaí faoin gCód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú (2016); éascaíonn an Próiseas PCR agus a n-oibríocht ar shlí éifeachtúil, éifeachtach.

Tá réimse leathan de chomhlachtaí poiblí faoi choimirce na Roinne agus táimid ag leanúint de mhaoirseacht threisithe agus socruithe rannpháirtíochta a neadú ina leith seo. Níl ach comhlacht amháin - Oifig Rialálaí an Chrannchuir Náisiúnta - faoi réir threoirlínte PCR. Tá an Roinn ag breithniú bearta féideartha a mbeadh PCR i gceist leo amach anseo, go háirithe i gcomhthéacs athchóirithe leanúnacha san earnáil chearrbhachais agus bunú an Rialálaí Cearrbhachais atáthar a mholadh.

Tá GAU ag moladh go n-aistreofar ó chuntasaíocht airgid thirim go cuntasaíocht achtúireach do Ranna agus Oifigí lárnacha Rialtais, ag cur san áireamh clár oibre athchóirithe is leithne agus feidhmiú céimneach Seirbhísí Comhroinnte Bainistíocht Airgeadais (FMSS) agus forbairtí féideartha amach anseo i gcaighdeáin chuntasaíochta Earnáil Phoiblí na hEorpa (EPSAS).

Mar chuid de Chlár Tacaíochta Athchóiriú Struchtúrach Choimisiún na hEorpa (SRSP), rinne an EFCE measúnú ar an gCreat Lárnach Cuntasaíocht Rialtais agus sainaithníodh plean chun athchóirithe tuairiscí airgeadais a fheidhmiú, lena n-áirítear aistriú chuig cuntasaíocht achtúireach. I ndiaidh dul i gcomhairle le croípháirtithe leasmhara, d'fhoilsigh an ECFE a thuairisc Tuairisciú Airgeadais in Éirinn i Meitheamh 2019, agus leagadh amach a chroíthorthaí agus moladh cur chuige feidhmiú céimneach. I nDeireadh Fómhair 2019, chomhaontaigh an Rialtas plean imlíne chun iad seo a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach thar cúig bliana, 2020 go 2025.

Thug comhairleoirí seachtracha cúnamh teicniúil faoin SRSP maidir le dréachtú an chreata fhoriomláin choincheapúil do Chreat Tuairisciú Airgeadais Rialtais Láir na hÉireann.
Leagtha amach sa chreat coincheapúil tá na prionsabail chuntasaíochta ardleibhéil, bunaithe ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta Cuntasaíochta don Earnáil phoiblí (IPSAS) a bheidh ábhartha do

Ranna agus Oifigí Lárnach Rialtas na hÉireann. Cuireadh Grúpa Comhairleach Seasta ar bun ina raibh acadóirí/saineolaithe cuntasaíochta agus croípháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Oifigigh Airgeadais bhainteacha agus Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, chun tacaíocht chomhairleach agus comhairle shaineolach a thabhairt maidir le feidhmiú na n-athchóirithe.

# 2 AE, Breatimeacht agus Comhoibriú Idirnáisiúnta

## 2.1. Breatimeacht

Ta Aonad AE agus Breatimeachta ar leith freagrach as comhordú agus maoirseacht gnóthaí AE, Breatimeacht agus gnóthaí idirnáisiúnta eile i ngach cuid den Roinn agus as cur leis an bhfreagairt Rialtais uile do Bhreatimeacht. I rith 2020, lean an tAonad de thabhairt faoi cheisteanna a tháinig aníos mar gheall ar reifreann RA in 2016 ar bhallraíocht den AE, lena n-áirítear a thionchar ar an gcaidreamh a bheidh ag Éirinn feasta leis an AE agus an RA araon, go háirithe le Tuaisceart Éireann.

De réir mar a bhí idirbheartaíochtaí ar siúl idir an AE agus an RA ar an gComhaontú nua Trádála agus Comhoibrithe, bhí an fócas le linn 2020 ar dheireadh na tréimhse aistrithe ar 31 Nollaig 2020. Áiríodh leis an obair seo comhordú ullmhúcháin na Roinne don chaidreamh athraithe, ar aon dul le Plean Gnímh Ullmhacht Bhreatimeachta, i réimsí ar nós soláthar poiblí, cláir AE agus riachtanais bhonneagair ag calafoirt agus aerfoirt. Réitíodh Cáinaisnéis 2021, ag glacadh leis go dtiocfadh deireadh leis an tréimhse aistrithe gan margadh déanta agus cuimsíodh inti bearta ar leith chun go leanfaí de fhreagairt chuimsitheach an Rialtais do thionchar Bhreatimeachta i ngach cuid den Rialtas. Thacaigh an Roinn leis an Aire mar bhall den Choiste Comh-Aireachta ar Bhreatimeacht agus Tuaisceart Éireann agus den Choiste Comh-Aireachta ar an Eoraip.

## 2.2. Gnóthaí AE

Chuir an Roinn le forbairt polasaí AE i ngach cuid den Rialtas, lena n-áirítear obair Ghrúpa Idir-Rannach AE agus Breatimeachta agus grúpaí idir-rannacha bainteacha.

Comhordaíonn an tAonad AE agus Breatimeachta na gnóthaí AE as a bhfuil an Roinn freagrach, chomh maith le tacú le hobair na Rannóg eile, lena n-áirítear trí attaché agus foireann tacaíochta lonnaithe i mBuanionadaíocht na hÉireann san Aontas Eorpach sa Bhruiséil. I measc na ngnóthaí seo tá soláthar poiblí, r-Rialtas, airgeadas aeráide, Rialacháin Fhoireann an AE, Faisnéis Earnáil Phoiblí agus sceithireacht.

## 2.3. Áis Téarnaimh agus Teacht Aniar

Le linn 2020, thosaigh an Roinn ar obair ar fhorbairt Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Teacht Aniar na hÉireann, nach mór do gach Ballstát a chur faoi bhráid Choimisiún na hEorpa tráth nach déanaí ná 30 Aibreán 2021 chun leas a bhaint as Áis Téarnaimh agus Teacht Aniar an AE.

## 2.4. Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta

I mí Iúil, chomhaontaigh Comhairle na hEorpa go mbunófaí Cúlchiste Coigeartaithe Breatimeachta ar leith chun teacht roimh aon torthaí diúltacha nach raibh súil leo mar gheall ar Bhreatimeacht sna Ballstáit agus sna hearnálacha is mó a ndeachthas i bhfeidhm orthu. Foilsíodh moladh Choimisiún na hEorpa i leith an Chúlchiste ag deireadh 2020. Is í an Roinn atá ag stiúradh idirbheartaíocht agus feidhmiú céimneach na hionstraime nua, a leanfaidh ar aghaidh in 2021.

## 2.5. Comhoibriú Thuaidh Theas

Comhordaíonn Aonad Thuaidh Theas sainiúil na Roinne gnóthaí comhoibriú Thuaidh Theas, lena n-áirítear maoirseacht chláir AE Thuaidh Theas agus Comhlacht na gClár Speisialta AE. Atosaíodh cruinnithe den Chomhairle Aireachta Thuaidh Theas (CATT) in 2020 agus thacaigh an tAonad cruinniú CATT i bhformáid Earnála Cláir Speisialta AE ar an 30 Deireadh Fómhair 2020, chomh maith le dhá chruinniú Iomlánacha CATT i rith na bliana.

Thug an Roinn chun cinn comhoibriú Thuaidh Theas a rinneadh faoi choimirce CATT agus na bhForas Forfheidhmithe Thuaidh Theas (FFTTanna). D'oibrigh an Roinn go háirithe lena comhghleacaithe i Roinn Airgeadais Thuaisceart Éireann chun treoir a thabhairt ar Phleanáil Chorparáideach agus Ghnó do na FFTTanna. Thacaigh an tAonad Thuaidh Theas fosta le hobair an Grúpa Oifigigh Shinsearacha ar Bhonneagar Thuaidh Theas agus leis an nGrúpa Oifigigh Shinsearacha ar Bhreatimeacht agus Tuaisceart Éireann i rith na bliana.

## 2.6. Cláir Chistí Struchtúracha an AE

Lean an riarachán ar an €1.2 billiún de Chistí Struchtúracha AE d'Éirinn, don chlárthréimhse 2014-2020, a chomhordaíonn agus a mhaoirsíonn Aonad na gCistí Struchtúracha.

Rinne an Roinn maoirseacht freisin ar obair ar fhorbairt an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus na gClár Oibríochtúil nua do 2021-2027. Meastar gurb ionann agus €1.14 billiún leithdháileadh na hÉireann don tréimhse sin.

Tá sonraí faoi chuid de na príomhthionscnaimh a cuireadh chun cinn leagtha amach thíos:

- **Cláir Thuaidh Theas:** D'oibrigh Aonad na Roinne Thuaidh Theas go dlúth leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus le Comhlacht na gClár Speisialta AE (SEUPB) maidir le maoirseacht a dhéanamh ar Chláir trasteorann 2014-2020**, SÍOCHÁIN agus INTERREG**. Maoiníonn an tAontas Eorpach 85% de na cláir sin trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus tá luach iomlán de €553 milliún ag baint leo. Tá an dá chlár tiomanta go hiomlán, agus tacaítear le 129 tionscadal. Bhí tionchar ag an bpaindéim Covid-19 ar sheachadadh clár go pointe áirithe, agus tionscadail ag oiriúnú a modhanna seachadta, nó ag athsceidealú gníomhaíochta nuair ba ghá;

- D'oibrigh an Roinn go dlúth freisin leis an SEUPB, leis an Roinn Airgeadais i dTuaisceart Éireann agus le Ranna Rialtais eile, Thuaidh agus Theas, chun dréacht-ábhar a fhorbairt don chlár nua **SÍOCHÁIN PLUS**, an clár comharba don dá chlár **SÍOCHÁIN** agus **INTERREG** don tréimhse 2021-2027. Áiríodh le gníomhaíocht forbartha clár in 2020 próiseas cuimsitheach rannpháirtíochta geallsealbhóirí; ag tacú le Ranna na hÉireann oibriú i gcomhpháirt le comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann chun tosaíochtaí comónta a shainaithint maidir le hidirghabháil clár; agus Próifíl Shocheacnamaíoch de réimse an chláir **SÍOCHÁIN PLUS** a chomhordú arna sheoladh i gcomhpháirt ag eacnamaithe IGEES sa Roinn agus sa Roinn Airgeadais, mar aon le comhghleacaithe i Státseirbhís Thuaisceart Éireann;

- **Comhar Críochach Eorpach:** Chomh maith leis na Cláir Thuaidh Theas, tá Éire ina comhpháirtí i gClár trasteorann INTERREG na hÉireann, na Breataine Bige (arb ionann a luach iomlán agus beagnach €100 milliún thar an gclárthréimhse 2014-2020), chomh maith le roinnt clár trasnáisiúnta, eadhon limistéar an Atlantaigh, Iarthuaisceart na hEorpa, agus Cláir na bhForimeallacha agus an Artaigh Thuaidh. Tá an Roinn ag gabháil don phróiseas pleanála faoi láthair do gach ceann de na trí chlár trasnáisiúnta don chlárthréimhse 2021-2027. Tá na

cláir thrasnáisiúnta sin á bhforbairt ag Tascfhórsaí le hionadaithe ó gach ceann de na Tíortha Comhpháirtíochta, lena n-áirítear Comhaltaí AE agus Comhaltaí neamh-AE araon;

- **Údarás Iniúchóireachta CFRE:** Mar chuid den Aonad Iniúchóireachta Inmheánaigh agus AE, is é Údarás Iniúchóireachta CFRE an tÚdarás Iniúchóireachta ainmnithe in Éirinn do Chláir Réigiúnacha 2014-2020 CFRE. Chríochnaigh an tÚdarás Iniúchóireachta clár iniúchóireachta córas agus iniúchóireachtaí oibríochta le gur féidir an Tuarascáil Bhliantúil ar Rialú agus cuntais iniúchta do 2018/19 a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i mí Feabhra 2020. Mar chuid den iniúchóireacht ar bhliain chuntasaíochta 2019/20, chríochnaigh an tÚdarás dhá iniúchóireacht oibríochta agus 12 iniúchóireacht córais ar fud an dá Chlár Réigiúnach le linn 2020. Cuireadh an Tuarascáil Bhliantúil ar Rialú agus an tuairim iniúchóireachta ar na Cuntais isteach i mí Feabhra 2021. Chuir an tÚdarás Iniúchóireachta comhairle ar fáil d'Údaráis Bhainistíochta na hÉireann freisin maidir leis na socruithe rialaithe inmheánaigh agus iniúchóireachta do chaiteachas Covid-19 atá anois san áireamh mar chaiteachas athchláraithe don dá Chlár Réigiúnacha sa bhliain chuntasaíochta 2020/21 (féach an nóta thíos);

- **Cistí Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa**: Mar fhreagra ar phaindéim Covid-19 in 2020, d'achtaigh Coimisiún an Aontais Eorpaigh an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt don Choróinvíreas (CRII) agus an Tionscnamh Infheistíochta mar Fhreagairt don Tionscnamh Freagartha Plus. Rinneadh athchlárú ar shuim €286m ó leithdháiltí CFRE agus CSE 2014-2020 na hÉireann chun soláthairtí sláinte TCP a cheannach. Tugadh socruithe chun cinn chun €84m breise a tharraingt anuas faoi Rialachán REACT-EU. D'oibrigh an Roinn go dlúth le hÚdaráis Bhainistíochta CFRE chun spriocdháta na hÉireann N+3 an 31 Nollaig 2020 a chomhlíonadh, ag cinntiú nach ndéanfaí aon dídhílsiú i leith mhaoinithe CFRE an Aontais. B'ionann fáltais CFRE in 2020 agus €138; agus

- Chuir an Roinn forbairt ar an g**Comhaontú Comhpháirtíochta 2021-2027** agus ar **Chláir Oibríochtúla CFRE,** faoi mhaoirseacht Ghrúpa Stiúrtha Phróiseas Comhpháirtíochta, grúpa geallsealbhóirí trasearnála. Áiríodh leis sin *Anailís ar na Riachtanais* Shocheacnamaíocha a tugadh chun críche, ag déanamh maoirseachta ar chomhairliúchán poiblí cuimsitheach agus ar dhoiciméad maidir le Príomhthéamaí a tháirgeadh, ina leagtar amach réimsí caiteachais ardleibhéil. Cheap an tAire na Tionóil Réigiúnacha freisin mar na hÚdaráis Bhainistíochta don tréimhse 2021-27. Déanfaidh Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair bainistíocht ar 'Réigiún an Aistrithe' agus bainisteoidh Tionól Réigiúnach an Deiscirt na Réigiúin 'Níos Forbartha' le hionchur suntasach ó Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre.

## 2.7. Beartas na gCistí Struchtúracha agus Infheistíochta Eorpacha (CSIE)


Tá idirbheartaíochtaí ar an bPacáiste Reachtaíochta um Beartas Comhtháthaithe, ina leagtar amach an chéad bhabhta eile de Chistí Struchtúracha, a thosaigh i mí na Bealtaine 2018, ag druidim i dtreo a dtabhairt chun críche anois.

Tar éis dianchaibidlíochta le linn 2020, thángthas ar chomhaontú polaitiúil idir an Pharlaimint agus an Chomhairle maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) agus maidir le mórchuid na ngnéithe den phacáiste reachtach um beartas Comhtháthaithe i mí na Nollag 2020.

I mí an Mhárta, d’fhormheas 202 Ambasadóir Bhallstáit AE don Aontas Eorpach na téacsanna dlí a rialaíonn na cistí Comhtháthaithe arb ionann iad agus beagnach trian de bhuiséad seacht mbliana an Aontais. Deimhníodh leis sin an comhaontú polaitiúil ar thángthas air le Parlaimint na hEorpa. Chuir an Coimisiún in iúl go bhfaighidh Éire €1,139 milliún san iomlán (i bpraghsanna 2018) i gCistí Beartais Comhtháthaithe don chlárthréimhse 2021 – 2027, ina gcuimsítear an méid a leanas:

- €351 milliún do Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE);
- €451 milliún do Chiste Sóisialta na hEorpa+ (CSE+);
- €260 milliún do Chomhar Críochach Eorpach (lena n-áirítear SÍOCHÁIN PLUS); agus
- €77 milliún faoin gCiste um Aistriú Cóir (CUAC).

**Leithdháiltí Ciste Beartais**




Ina theannta sin, gheobhaidh Éire €84 milliún do na cláir reatha in 2021 faoi REACT-EU (is maoiniú breise é sin chun cabhrú le téarnamh na hÉireann), le forlíonadh le leithdháileadh breise in 2022. Nuair a chuirtear an ceanglas maidir le cistiú meaitseála (Státchiste den chuid is mó) san áireamh, is ionann luach iomlán na gclár a dtacaíonn na leithdháiltí sin leo agus beagnach €3.5 billiún. Caithfear cistiú ón Aontas i réimsí amhail tacú le FBManna, athsciliú agus uas-sciliú a dhéanamh ar ár bhfórsa saothair, infheistiú i dtaighde agus forbairt agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, chun a chinntiú go mbeidh Éire go maith in ann leas a bhaint as deiseanna a eascraíonn as an Eoraip ghlas agus dhigiteach.

Tá na Rialacháin le tabhairt chun críche ag dréachtóirí dlí agus ba cheart go n-achtófaí iad i dtreo dheireadh an chéad leatha de 2021.

# 3 Pá na Seirbhíse Poiblí, Pinsin agus Caidreamh Tionsclaíoch

## 3.1. Ag Dul ó Neart go Neart: Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021 - 2022

Ba bhunsprioc inghnóthaithe straitéiseach é comhaontú comhchoiteann nua seirbhíse poiblí do Rannóg um Pá agus Pinsin na Roinne in 2020. Ó shamhradh 2020, bhí an Rannóg i mbun cainteanna neamhfhoirmiúla le Coiste Seirbhísí Poiblí Chomhdháil na gCeardchumann chun a dhéanamh amach an raibh bunús leordhóthanach ann le haghaidh caibidlíochta foirmiúla. Tar éis an phlé sin, chuaigh na páirtithe i mbun cainteanna foirmiúla faoi choimirce an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre i mí na Samhna. Tháinig na díospóireachtaí sin chun críche le comhaontú i mí na Nollag maidir le Comhaontú Nua Pá na Seirbhíse Poiblí Ag Dul ó Neart go Neart: Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2022. Leathnaíonn an comhaontú dhá bhliain sin creat na gcomhaontuithe seirbhíse poiblí, lena n-áirítear Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (CCSP) 2018-2020 a chuaigh in éag an 31 Nollaig 2020.

Tá sé beartaithe go gcosnóidh an Comhaontú thart ar €906 milliún, arb ionann é agus 4% de bhille pá 2021, scaipthe thar trí bliana féilire – 2021, 2022 agus 2023, a rachaidh chun leasa thart ar 367,000 seirbhíseach poiblí agus a sholáthróidh creat chun cobhsaíocht a choinneáil ar fud réimse na gCaidreamh Tionsclaíoch le linn a shaolré.

## 3.2. Anailís Beartais ar an Rannóg um Pá agus Pinsin

Chuir an Rannóg anailís beartais chun cinn maidir le pá na seirbhíse poiblí agus saincheisteanna a bhaineann le pinsin, lena n-áirítear roinnt páipéar a fhoilsiú mar chuid den Athbhreithniú ar Chaiteachas 2020. Sa Mheasúnacht um Beartais Dhírithe: Scéim um Shaoire Íoctha do Thuismitheoir Íoctha rinneadh scrúdú ar éifeachtacht na Scéime um Saoire Íoctha do Thuismitheoirí a tugadh isteach le déanaí maidir le réasúnaíocht an bheartais a chomhlíonadh. Sa pháipéar maidir leis an Scéim Aonair - Inbhuanaitheacht Phinsin na Seirbhíse Poiblí a Fheabhsú rinneadh scrúdú ar an réasúnaíocht maidir le Scéim Aonair nua a chur chun feidhme ó 2013 agus an tionchar a bheadh aige sin ar inbhuanaitheacht fhadtéarmach phinsin na seirbhíse poiblí.

## 3.3. Caidreamh Tionsclaíoch

**Bainistíocht ar Chaidreamh Tionsclaíoch**
D'oibrigh an Roinn go dian i rith 2020 chun réimse dúshlán um chaidreamh tionsclaíoch a bhainistiú agus bhí sí rannpháirteach go gníomhach i bpróisis réitigh díospóidí earnála agus náisiúnta araon, ag cur le réitigh chruthaitheacha a fhorbairt faoi chuimsiú CCSP. Déantar an méid a leanas leis na réitigh sin:

- Saoránaigh atá ag brath ar sheirbhísí poiblí ríthábhachtacha a chosaint;
- Cothromaíocht a bhaint amach idir ábhair imní na bhfostaithe, an fhostóra agus an cháiníocóra; agus
- Tionchair na mbeart arna nglacadh laistigh de théarmaí an chomhaontaithe pá a thabhairt isteach de réir a chéile agus an costas don Státchiste a íoslaghdú.

Déantar foráil i gcomhaontú nua pá na seirbhíse poiblí 'Ag Dul ó Neart go Neart' do phróiseas athbhreithnithe réiteach díospóide agus do chiste margála earnála lena ndéanfar foráil do shlí chun aghaidh a thabhairt ar réimse saincheisteanna pá earnála.

**Clár Iarchéime um Chaidreamh Tionsclaíoch na Státseirbhíse**

Bunaíodh Clár Iarchéime um Chaidreamh Tionsclaíoch na Státseirbhíse chun tacú le forbairt Fheidhmeannaigh um Chaidreamh Tionsclaíoch (CT) leis na scileanna agus leis an eolas atá riachtanach chun caidreamh tionsclaíoch a bhainistiú go héifeachtach i dtimpeallacht chasta agus éagsúil. Thosaigh sé i mí an Mhárta 2019, agus bhí seisear rannphháirteach sa chéad chlár. Bhí trí sheal uainíochta de thaithí oibre ocht mí i gceist leis an gclár, ag tabhairt taithí phraiticiúil do rannpháirtithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, agus sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

In 2020, d'éirigh leis na rannpháirtithe an clár iarchéime CT a chríochnú, lena n-áirítear Dioplóma Gairmiúil saincheaptha i gCaidreamh Tionsclaíochta a thabhairt i gcrích ag Leibhéal 8, NFQ, a saincheapadh chun freastal ar riachtanais áirithe thimpeallacht CT na Státseirbhíse. Sannadh na rannpháirtithe ina dhiaidh sin do phoist bhuana sa Státseirbhís áit a mbeidh siad in ann a gcuid eolais ar chaidreamh tionsclaíoch agus a dtaithí phraiticiúil a chur i bhfeidhm.

Tosóidh an dara leagan den chlár i R1 2021 le rannpháirtíocht ochtar céimithe eile, rud a fhágfaidh go mbeidh líon níos mó Ranna páirteach ann.

## 3.4. Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair

Tá an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"), a tugadh isteach in 2013 do gach iontrálaí nua sa tSeirbhís Phoiblí, á hoibriú ag níos mó ná 350 fostóir seirbhíse poiblí thar gach earnáil, ainmnithe mar "Údaráis Ábhartha" chun críocha riaracháin na Scéime Aonair. Is aonad tiomnaithe í foireann Riaracháin na Scéime Aonair, a bunaíodh sa Roinn in 2016 chun tacú le riarachán leanúnach na Scéime agus chun scrúdú a dhéanamh ar na roghanna maidir lena riarachán fadtéarmach.

Dhírigh foireann Riaracháin na Scéime Aonair ar mhodhanna malartacha oiliúna agus tacaíochta d'Údaráis Ábhartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhthéacs phaindéim Covid-19. Leanadh le hábhair tacaíochta, lena n-áirítear foirmeacha teimpléid agus litreacha, uirlisí ríofa agus sraith straitéisí riarthóra, a chur ar fáil trí Shuíomh Gréasáin na Scéime Pinsean Aonair atá saincheaptha ina leith, agus foilsíodh físeáin oiliúna nua. Rinneadh ábhair oiliúna bunaithe ar sheomra ranga a athfhorbairt le seachadadh trí sheimineár gréasáin agus, sa dara cuid den bhliain, rinneadh 6 mhodúl oiliúna a sheachadadh trí sheimineár gréasáin thar shraith de 17 seimineár gréasáin ar fad le 379 riarthóir pinsin ó 42 Údarás Ábhartha.

Bunaíodh banc sonraí na Scéime Aonair in 2019 chun a chinntiú go ndéantar sonraí ballraíochta do gach ball den Scéim ó 2013 a dhaingniú agus a chothabháil go comhchaighdeán, go dtí go ndéanfar cinneadh maidir le riarachán fadtéarmach na Scéime. In 2020, ghlac 110 Údarás Ábhartha páirt i gcur ar bord na bpríomhshonraí sin.

Lean an Roinn lena cuid oibre ar fhorbairt beartais don Scéim Aonair. Bhí tionchair dhíreacha agus indíreacha shuntasacha ag baint le méadú ar an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit a chur ar athlá (a bhí le méadú in Eanáir 2021 go 67 bliana d'aois) agus d'fhorbair an Roinn Treoir d'Údaráis Ábhartha agus do bhaill na Scéime ina leagtar amach conas ba chóir aghaidh a thabhairt ar na tionchair sin. Rinneadh rialacháin freisin in 2020 chun saoráid "ceannaigh agus aistrigh" a thabhairt isteach do bhaill den Bhuanfhórsa Cosanta, cosúil leo sin a tugadh isteach do bhaill eile na Scéime Aonair in 2019.

## 3.5. Beartas um Pinsean na Seirbhíse Poiblí

### Athbhreithniú Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin na Seirbhíse Poiblí

Thug an Roinn athbhreithniú achtúireach ar phinsin seirbhíse poiblí chun críche, a rinneadh thar ceann na Príomh-Oifige Staidrimh a gceanglaítear orthu faoi Rialachán 549/2013 an Aontais Eorpaigh dliteanais fhabhraithe gach scéim pinsin Éireannaigh atá cistithe agus neamhchistithe a áireamh mar chuid de na Cuntais Náisiúnta.

Measadh gurbh é €149.6 billiún luach oibleagáidí pinsin seirbhíse poiblí an Stáit amhail an 31 Nollaig 2018. Léiríonn sé sin luach reatha na n-íocaíochtaí sochair aoisliúntais uile a bhfuil súil leo sa todhchaí ag eascairt as seirbhís fhabhraithe ag fostaithe reatha agus iarfhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí.

Measadh go méadódh costas phinsin cheirde na seirbhíse poiblí ó 1.1% den OTI in 2019 go 1.5% den OTI faoi 2040, agus go laghdódh sé ina dhiaidh sin agus go mbeifí ag súil le costas 0.9% den OTI faoi 2060.

Foilsíodh tuarascáil mhionsonraithe na luachála achtúirí i mí na Nollag 2020.

### Clár Bainistíochta Pinsean na Seirbhíse Poiblí

D’fhorbair an Rannóg um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí Clár Bainistíochta Pinsean na Seirbhíse Poiblí in 2019 mar thionscnamh nuálach bainistíochta eolais agus pleanála comharbais chun saineolas inmheánach ar phinsin na seirbhíse poiblí a ghabháil agus aistriú eolais a éascú. Forbraíodh ábhair oiliúna mhionsonraithe laistigh den Rannóg chun tacú leis an gcúrsa Teastais NFQ Leibhéal 6 saincheaptha sin. Tionóladh dhá leagan den chúrsa sin le linn 2019 agus 2020, agus an tríú ceann sceidealta in 2021, ag méadú líon na n-oifigeach sa rannóg a bhfuil saineolas ar phinsin acu.

### Líonra Beartais Pinsean na Seirbhíse Poiblí

Cuireadh Líonra Beartais Pinsean na Seirbhíse Poiblí ar bun i Ráithe 3 de 2020 chun:

- Fóram a sholáthar le haghaidh rannpháirtíochta agus comhairliúcháin ar fhorbairt bheartas pinsean na seirbhíse poiblí;
- Feabhas a chur ar bhainistíocht eolais maidir le beartas pinsean ar fud na Seirbhíse Poiblí; agus
- Ceadú do chomhroinnt taithí ar bhonn rialta i measc cleachtóirí pinsean ar féidir leis seachadadh agus riarachán an bheartais pinsean a fheabhsú.

Tionólfar cruinnithe líonra gach ráithe agus riarthóirí pinsin na seirbhíse poiblí agus cleachtóirí Acmhainní Daonna na státseirbhíse ag freastal orthu. Tionóladh an chéad chruinniú oifigiúil líonra ar an 6 Deireadh Fómhair 2020, agus d’fhreastail 75 riarthóir pinsin ó gach cuid den tseirbhís shibhialta agus phoiblí.

### Tabhairt chun críche Laghdú Pinsean na Seirbhíse Poiblí (LPSP)

Faoi alt 27 den Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017, ceanglaíodh ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe Ordú a dhéanamh, roimh an 31 Nollaig 2020, chun dáta a shainiú chun LPSP a bhaint go hiomlán ón ngrúpa iarmharach de phinsin a bhí faoi thionchar LPSP. Tar éis Chinneadh ón Rialtas an 8 Nollaig 2020, socraíodh gurb é 1 Iúil 2021 an dáta chun

LPSP a bhaint go hiomlán. Thug an tAire éifeacht dó sin tríd an Acht um Pá agus Pinsin Seirbhíse Poiblí 2017 (Alt 27 (3)) Ordú 2020 (Uimh. I.R. 632/2020), a síníodh an 15 Nollaig 2020.

### Cúrsaí Beartais Pinsean Eile

Eisíodh roinnt Ciorclán a thug aghaidh ar shocruithe pinsin cheirde seirbhíseach poiblí faoi na scéimeanna pinsin a bhí ann cheana:

- I gCiorclán 13/2020 tugadh treoir athbhreithnithe maidir le cur i bhfeidhm na huasteorann sochar pinsin faoi alt 52 (6) agus (7) den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012, a chuireann uasteorainn ar na teidlíochtaí pinsin a d'fhéadfadh a fhabhrú do dhaoine aonair atá ina mbaill de níos mó ná aon scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana;
- I gCiorclán 16/2020 tugadh treoir maidir leis na Nósanna Imeachta um Réiteach Díospóidí Inmheánacha (NIRDanna) a bhfuil feidhm acu maidir le díospóidí pinsin a gceanglaítear go dlíthiúil ar an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe breithniú a dhéanamh orthu, i gcás ina mbaineann díospóidí den sórt sin le scéimeanna pinsin roimh 2013 (i.e. Scéim nach Scéim Aonair í). Meabhraíodh ann freisin do riarthóirí pinsin seirbhíse poiblí maidir lena ndualgas nósanna imeachta córa a chur i bhfeidhm agus díospóidí pinsin seirbhíse poiblí á mbainistiú ar bhonn níos ginearálta; agus
- I gCiorclán 18/2020 cuireadh treoir ar fáil do chomhlachtaí seirbhíse poiblí maidir le cur chun feidhme alt 27 den Acht Leasa Shóisialaigh, Pinsean agus um Chlárú Sibhialta 2018, lena gceadaítear ceart teidlíochta, faoi réir coinníollacha áirithe, ar phinsean marthanóra i leith lánúineacha den ghnéas céanna i gcás nach raibh ball na scéime pinsin in ann pósadh nó páirtnéireacht shibhialta a dhéanamh sular shroich sé nó sí aois nó dáta scoir áirithe toisc nár achtaíodh an reachtaíocht ábhartha chun foráil a dhéanamh d'aitheantas dlíthiúil do chaidrimh chomhghnéis in Éirinn.

# 4 Athnuachan na Státseirbhíse

## 4.1. Clár Athnuachana na Státseirbhíse

Is í Oifig Bainistíocht Chláir na Státseirbhíse (PMO) atá freagrach as forbairt agus seachadadh athchóiriú na Státseirbhíse faoi Chlár Athnuachana na Státseirbhíse. Le cois roinnt tionscadal a bhainistiú í féin, comhordaíonn agus tiomáineann sí fosta feidhmiú gníomhartha athnuachana i ngach cuid den Státseirbhís agus cuidíonn le Ranna agus Oifigí tionscnaimh athraithe a chur chun feidhme. Cé gur bliain an-ghnóthach, an-dúshlánach 2020, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le hathchóiriú na Státseirbhíse i roinnt réimsí tábhachtacha.

I rith na bliana, thacaigh an PMO le Bord Bainistíochta na Státseirbhíse (BBS) i maoirseachta sheachadadh Chlár Athnuachana na Státseirbhíse. Bhí ceithre chruinniú ag an BBS le linn na bliana agus tá na miontuairiscí agus tuarascálacha bliantúla foilsithe ar shuíomh gréasáin an Rialtais www.gov.ie. Bhí croí-róil ag foghrúpaí den BBS i bhfeidhmiú na Straitéise Daoine don Státseirbhís agus i seachadadh na Straitéise TFC don tSeirbhís Phoiblí. Is de bharr ar gnóthaíodh sna straitéisí seo a d'éirigh chomh maith sin le seirbhísí an phobail a chothabháil chomh maith le tacú le baill foirne agus iad a chumasú le bheith ag obair ó chian le linn 2020.

Lena chois sin, sheachaid clár athnuachana na Státseirbhíse na croíthionscnaimh seo a leanas:

- I R3 2020 a rinneadh an tríú leagan de **2020 Shuirbhé Rannpháirtíochta Fhostaithe na Státseirbhíse 2020 (CSEES):** 26,882 státseirbhíseach a chomhlánaigh - ráta freagartha 65% - an ráta is airde i stair an CSEES agus an suirbhé láthair oibre is mó dá ndearnadh in Éirinn in 2020. Táthar ag dúil go bhfoilseofar torthaí iomlána CSEES 2020 ag deireadh R1 2021. I dtorthaí an tsuirbhé beidh sonraí luachmhara d'eagrais Státseirbhíse i réimse de bhearta rannpháirtíocht fostaithe;

- **Tuairisc Cianoibre Covid-19**: Tugadh modúl de CSEES 2020 isteach in 2020 leis an eispéireas a bhí ag státseirbhísigh a d'aistrigh chuig an gcianobair de bharr ghéarchéim Covid-19 a léiriú. Is ionann an modúl seo agus an tacar sonraí is mó dá bhfuil ar fáil in Éirinn ar Covid-19 agus an láthair oibre.Foilsíodh an tuairisc i mí na Nollag 2020 agus tá sí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Rialtais www.gov.ie. Áirítear leis na torthaí gur fhreagair státseirbhísigh go dearfach do thabhairt isteach socruithe oibre solúbtha; go bhfuil teacht aniar iontu agus iad go mór i bhfách le cur chuige cumaiscthe i leith na cianoibre. Áirítear le torthaí dúshlánacha gur mhothaigh roinnt státseirbhíseach nach raibh a ndóthain tacaíochta á fáil acu agus iad ag obair ó chian; tá difríochtaí réigiúnacha ann maidir le cianobair a rochtain; agus difríochtaí idir na gráid maidir leis an leibhéal nascachta a mhothaíonn roinnt baill foirne lena n-ionad oibre. Is cuidiú é an tuairisc seo chun eolas a chur ar fáil i leith forbairt polasaí cianoibre don Státseirbhís;

- I bhfianaise na ndúshlán a tháinig de bharr phaindéim Covid-19, bhí Gradaim Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2020 ina stad sealadach go dtí 2021. Ina n-áit, tionóladh **Imeacht Aitheantais Barr Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse 2020** i mí na Samhna 2020. Deis a bhí ann an réimse leathan de thionscnaimh a forbraíodh mar fhreagairt do phaindéim Covid-19 a léiriú. D'oibrigh PMO na Státseirbhíse le 27 foireann ainmnithe tionscadail chun ábhar a fhorbairt d'ócáid fhíorúil a sruthaíodh trí úsáid píosaí scannánaíochta réamhthaifeadta ar ardán slán. Aithníodh i ngach catagóir tionscdail ina raibh comhoibriú idir an Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí in 2020;

- **Athbhreithnithe ar Acmhainneacht Eagraíochtúil:** Cuireadh stad sealadach le feidhmiú an chláir Athbhreithnithe ar Acmhainneacht Eagraíochtúil i Márta 2020 mar gheall ar Covid-19 agus ní dheachthas i mbun an athbhreithnithe ar an Roinn Fostaíochta agus Coimirce sóisialaí, a bhí le tarlú in Aibreán. Is í an Roinn Cosanta an chéad eagraíocht eile atá le hathbhreithniú faoin gclár seo in 2021;

- Faoi **Chlár Tacaíochta Athchóiriú Struchtúrach (SRSP)** an AE, cuireadh tús le hathbhreithniú cuimsitheach ar struchtúr agus cumraíocht eagraíochtúil Státseirbhís na hÉireann in 2020. Tiocfaidh Céim 1 den tionscadal seo chun deiridh in R3 2021. Roghnaíodh an chéad chéim eile le haghaidh maoiniú faoi Ionstraim Tacaíocht Theicniúil an AE a tháinig in áit an SRSP;

- **Athnuachan na Státseirbhíse 2030:** Cuireadh tús le próiseas dian chun fís agus straitéis nua deich mbliana ("CSR2030") don Státseirbhís a fhorbairt. Bhain an próiseas le comhairliúchán le hArd-Rúnaithe agus le Boird Bhainistíochta agus bunú Tascfhórsa státseirbhísigh shinsearacha ó 24 Roinn agus Oifig. Fianaise ó fheidhmiú an chéad Phlean Athnuachana Státseirbhíse an bonn eolais atá leis, le cois 41 ócáid halla an bhaile do státseirbhísigh agus sonraí rannpháirtíocht foirne ó Shuirbhéanna Fostaithe na Státseirbhíse (2015 agus 2017).

  Leagfar amach in CSR 2030 creat straitéiseach i gcroíréimsí don Státseirbhís go ceann deich mbliana agus táthar ag dúil go bhfoilseofar é in 2021. Feidhmeofar é trí thimhthriallta de phleananna gnímh trí bliana;

- **Bonneagar Náisiúnta Sonraí (NDI):** Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar fhorbairt an Bhonneagair Náisiúnta Sonraí in 2020. Déanann Grúpa na gCuradh, faoi chathaoirleacht na Lár-Oifige Staidrimh (CSO), le hionadaithe ó na Ranna agus gníomhaireachtaí a bhfuil sonraí ardluacha acu, monatóireacht ar agus cur chun cinn croítháscairí ar fud shealúchais sonraí na hearnála poiblí. Tacóidh feabhsúcháin sa réimse seo le tionscnaimh a bhaineann go sainiúil le Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí sa chéad dul síos le cois tacú le mórthionscnamh na coimroinnte sonraí faoi mar atá molta san Acht Um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí; agus

- **Cumarsáid Státseirbhíse:** Lean an PMO de theagmháil agus cumarsáid le líonraí i ngach cuid den Státseirbhís, ag aistriú go dtí ardáin ar líne le linn ghéarchéim Covid-19.

## 4.2. Straitéis Daoine na Státseirbhíse 2017-2020

D'oibrigh an Roinn, trína rannóg AD Statseirbhíse (CSHRD), i ndlúthpháirt le croípháirtithe leasmhara i ngach cuid den Statseirbhís agus den tSeirbhís Phoiblí, chun freagairt do réimse leathan de cheisteanna a théann i gcion ar fhostaithe agus baill foirne i gcoitinne sa Statseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí ag éirí as géarchéim Covid-19. Mhéadaigh ról an CSHRD ó cheannaireacht a thabhairt don Statseirbhís go dtí comhoibriú le ceannairí agus le ceardchumainn i rannóga uile na Seirbhíse Poiblí chun déileáil le ceisteanna a eascraíonn as an bhfreagairt do dhúshláin Covid-19 don lucht saothair.

A fhad is a bhíothas i gceannas ar an bhfreagairt láithreach do ghéarchéim Covid-19, leanadh den obair ar cheisteanna straitéiseacha fadtéarmacha faoi bhunchlocha na Straitéise daoine, arna múnlú ag na hathruithe a tháinig leis an aistriú go dtí an láthair oibre fhíorúil.

## 4.2.1. An Státseirbhís mar Thogha Fostóra

Rinne CSHRD forbairt ar thionscnaimh agus ar bheartais chun an Státseirbhís a chur chun cinn mar Thogha Fostóra don fhoireann idir nua agus reatha, agus bhí sé i gceannas chomh maith ar an bhfreagairt do Covid-19, lena n-áirítear na bearta seo a leanas:

- **An Obair Chumaiscthe:** Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le comhdhearadh a dhéanamh ar an **gCreat Beartais um Obair Chumaiscthe** chun cabhrú le heagraíochtaí forbairt a dhéanamh ar a gcuid beartas don chianobair agus tionscnaimh bhainteacha eile. Tugtar sa Treoir prionsabail uileghabhálacha le breithniú i rith fhorbairt an bheartais, chomh maith le treoir faoi thacaí (m.sh. Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine, soláthar trealaimh, teicneolaíocht, costais, Foghlaim agus Forbairt) agus próisis (m.sh. critéir incháilitheachta, soláthar trealaimh, iarratas/breithniú). Meastar go mbeidh an Treoir mar bhunús do chur chuige seasmhach ar fud na Státseirbhíse ach go mbeidh de sholúbthacht ag eagraíochtaí mar is gá go mbeidh siad ábalta riar ar a sainriachtanais ghnó féin.

  Cuireadh tús freisin le hobair le fostóirí ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí chun forbairt a dhéanamh ar an ***Straitéis Maidir le hObair Chumaiscthe*** **agus an Clár Oibre** a leagfaidh amach an cur chuige níos fadtéarmaí maidir le modhanna nua oibre san earnáil phoiblí agus a thabharfaidh mionsonraí faoi conas a thacófar le gealltanas an Chláir Rialtais i dtaca le 20% de chianobair agus d'obair bhaile san earnáil phoiblí.

- **Foghlaim agus Forbairt (F&F):** Maidir le F&F, ba é an dúshlán ba mhó a tháinig de bhun Covid-19 ná leanúint de na tacaí ardcháilíochta foghlama agus forbartha a chur ar fáil d'fhostaithe na Státseirbhíse agus iad i mbun cianoibre. Mar fhreagairt dó sin, rinne *OneLearning* agus Foireann Shinsearach tacaíochta na Státseirbhíse aistriú ó fhoghlaim agus forbairt 100% ar an láthair go dtí ríomhfhoghlaim agus foghlaim fhíorúil 100%. Ta cúrsaí ríomhfhoghlama ar éileamh críochnaithe ag beagnach 14,500 ball foirne, tríd an gCóras Bainistithe Foghlama (LMS). Le linn 2020 bhí timpeall 425,000 logáil isteach sa LMS.

  Rinne *OneLearning* teagmháil le heagraíochtaí ar fud na Státseirbhíse chun tosaíocht a dhéanamh den aistriú cúrsaí chuig an soláthar fíorúil, faoi cheannas oide. Tá sé sin déanta anois i leith 34 cúrsa. Tá *OneLearning* tar éis an conradh a shíniú don Chlár nua don Phleanáil Roimh Dhul ar Scor don Státseirbhís, le Soláthraí Oiliúna ón taobh amuigh agus tosaíodh ar an gClár a leathadh i mí na Nollag 2020.

  Ó bunaíodh é in 2017, tá OneLearning tar éis oiliúint ar an láthair, faoi cheannas oide a chur ar fáil do bhreis agus 27,500 duine, i 44 Comhlacht Státseirbhíse (go deireadh 2020). Cuireadh *OneLearning* ar an ngearrliosta do dhuais IITD sa chatagóir don Eagraíocht Mhór Foghlama agus Forbartha is fearr le linn 2020.

**Gníomhaíocht Oiliúna i 2020**




- **Forbairt Céimithe:** Bhí 204 oifigeach ag leibhéal an AO agus an Tríú Rúnaí rannpháirteach sa Chlár Forbartha Céimithe Státseirbhíse 2019/2020. Clár idirghníomhach forbartha, istigh sa phost é an clár seo a thugann deiseanna foghlama maidir le réimse ábhar, lena n-áirítear: stíleanna ceannaireachta; bainistiú tionscnaimh; nuálaíocht agus réiteach fadhbanna; cuntasaíocht rialtais; cumarsáid; ceapadh beartas bunaithe ar fhianaise; agus an próiseas reachtúil. Bhí rannpháirtithe sa chlár ábalta teacht ar cheannairí sinsearacha státseirbhíse, an tSeirbhís Chúnaimh Fostaithe agus an Gréasán AO/3ú Rúnaí. Rinneadh an clár a aistriú go dtí an soláthar cianda chun an clár 2019/2020 a chríochnú, agus is ar an mbonn cianda sin atá sé á reáchtáil do chlár 2020/2021.

- **Seirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe na Státseirbhíse (CSEAS):** Cuireann an CSEAS réimse leathan tacaí ar fáil don fhoireann agus don bhainistíocht ag gach aon ghrád sa Státseirbhís chun folláine oibrithe agus éifeachtúlacht na heagraíochta a chur chun cinn, chomh maith le tacú le hobair na Ranna HR agus bainisteoirí líne. Meastar gur úsáid 15% de státseirbhísigh an tSeirbhís in 2020, ag baint leas as an eolas agus as an tacaíocht maidir le réimse saincheisteanna pearsanta agus/nó a bhain leis an obair. In 2020, rinne an CSEAS breis agus 200 cur i láthair agus d'fhoilsigh réimse acmhainní ar rogha topaicí a bhaineann leis an bhfolláine.

  Rinne an CSEAS athrú ar a mhúnla soláthair seirbhíse mar fhreagairt do Covid-19. Ó Mhárta go Meán Fómhair chuir an CSEAS síneadh lena uaireanta don Deasc Chabhrach sa tráthnóna agus ag deireadh na seachtaine. An chuid is mó den tacaíocht duine le duine, agus ar an toirt, a cuireadh ar fáil d'fhostaithe is i gcomhairliúchán ar an bhfón a rinneadh é. Bhí méadú ar an éileamh ar chur i láthair ón CSEAS ar ábhair sláinte agus folláine, rud a chur ar chumas an CSEAS teacht ar lucht éisteachta níos leithne. Rinne sé forbairt ar thacar tacaí ar líne chomh maith chun freagairt go díreach do na dúshláin sláinte agus folláine a bhain d'fhostaithe mar gheall ar Covid-19; agus

- **Creat Sláinte agus Folláine:** Mar aitheantas ar an riachtanas tosaíocht a dhéanamh de shláinte agus d'fholláine fostaithe, rinne CSHRD obair i gcomhar le 12 Roinn agus Oifig Státseirbhíse chun Creat Sláinte agus Folláine a dhearadh don Státseirbhís. Tugann an Creat imlíne ar shainmhíniú comónta ar ionad oibre Sláintiúil don Státseirbhís trí aird a tharraingt ar thrí mhír faoi leith:

  - Timpeallacht fhisiciúil na hoibre
  - Timpeallacht shícshóisialta na hoibre; agus
  - Acmhainní sláinte san ionad oibre.

  Bhí réimse foinsí sonraí mar bhonn eolais agus an Creat á fhorbairt, a thugann léargas ar thionchar Covid-19 ar Shláinte agus Folláine fostaithe, lena n-áirítear sonraí atreoraithe CSEAS/CMO, suirbhéanna faoi rannpháirtíocht fostaithe agus tionscnaimh taighde náisiúnta.

## 4.2.2. Lucht Saothair a Thógáil don Todhchaí

Leagadh béim faoi leith le linn na bliana ar leanúint de na córais a neartú atá socraithe ar fud na Státseirbhíse a dhíríonn ar na daoine cearta leis na scileanna cearta a chur san áit cheart ag an am ceart, trí na tionscnaimh seo a leanas:

- **Tascanna Sealadacha ar fud na Státseirbhíse le linn Covid-19:** D'oibrigh CSHRD leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) agus le páirtithe leasmhara eile sa Státseirbhís agus san earnáil chun beartas agus próiseas a fhorbairt a d'éascódh tascanna sealadacha ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí mar bheart riachtanach chun tacú le seirbhísí bunriachtanacha sa chéad fhreagairt do ghéarchéim Covid-19. Tá CSHRD ag obair i rith an ama leis an PAS, le FSS agus le comhlachtaí eile chun athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim de réir an éilimh atá agus a bhí ann ina leith.

- **Pleanáil Straitéiseach don Fhórsa Saothair:** Foilsíodh páipéar athbhreithnithe caiteachais dar teideal Civil Service Overview, New Joiners and Temporary Clerical Officers – Profile, Trends and Insights agus rinneadh uasdátú ar an bpróiseas bliantúil agus na treoirlínte i dtaca le Pleanáil Straitéiseach don Fhórsa Saothair, chun cabhrú le foirne HR na n-ionad éagsúil pleanáil a dhéanamh lena ranna féin don líon foirne agus na scileanna a bheidh riachtanach dá lucht saothair amach anseo. Rinneadh ionchur suntasach sna treoirlínte agus uirlisí nua Pleanála don Lucht Saothair in Aon Seirbhís Phoiblí. Tosaíodh ag obair ar nóta príobháideachta bunachair sonraí don Státseirbhís, rud a fhoilseofar in 2021;

- **Earcaíocht:** Tá an tAonad Beartais Acmhainní tar éis bheith ag obair go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) lena chinntiú go bhfuil painéil earcaíochta socraithe chun folúntais a líonadh ag gach uile ghrád sa Státseirbhís, lena n-áirítear oibrithe gairmiúla AD, Airgeadais agus TFC a earcú. D'oibrigh an Rannóg go dlúth le comhghleacaithe in Aonad Breatimeacht AE na Roinne lena chinntiú go ndearnadh breithniú agus maolúchán tráthúil ar na tionchair earcaíochta a bheadh ann tar éis Breatimeachta. Bhí an tAonad mar thaca agus mar thiománaí ag iarrachtaí ar fud Ranna agus Oifigí Rialtais chun státseirbhís níos éagsúla agus níos ionchuimsithí a thógáil trí mhodhanna éagsúla earcaíochta a fhiosrú, go háirithe i dtaca le conairí gairmiúla do dhaoine faoi mhíchumas. Cuirfear críoch i mí na Bealtaine 2021 leis an scéim phrintíseachta TFC phíolótach, faoi cheannas OGCIO; agus

- **Scéimeanna Soghluaisteachta na Státseirbhíse:** Tugadh an Scéim Soghluaisteachta isteach go céimneach (ar bhonn gráid) thar thréimhse blianta, agus tar éis na céime deiridh do na gráid Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin agus Oifigeach Riaracháin (Eanáir 2021), beidh

deiseanna soghluaisteachta ann do gach grád seirbhíse ginearálta sa Státseirbhís ón Oifigeach Cléireachais go dtí an Rúnaí Cúnta (timpeall 30,000 ball foirne).

Bhí thart ar 600 aistriú ann cheana i gCéim 1 (Oifigeach Cléireachais – 393 agus Oifigeach Feidhmiúcháin – 205) ó seoladh an scéim in 2018. Bhí 63 aistriú ag leibhéal an Phríomh-Oifigigh ó seoladh an chéim sin in 2015, agus an cuspóir comhlíonta go líonfar ról as gach 6 cinn tríd an tsoghluaisteacht. Bhí 27 aistriú ar leibhéal an Rúnaí Chúnta ó 2012. Seoladh Céim 2 (Príomh-Oifigeach Cúnta) i mí na Samhna 2020.

### 4.2.3. Bainisteoirí a Chothú mar Fhorbróirí Daoine

Leanadh den obair ar réimse tionscnamh faoin Straitéis Daoine, a dhéanann macalla ar an gcultúr luach a chur le cumas straitéiseach ceannaireachta a fhorbairt, lena n-áirítear an dea-bhainistiú daoine ag gach uile leibhéal, mar mhacalla ar na hathruithe ar thimpeallacht na hoibre in 2020. Áirítear leo:

- **Ceannaireacht a Thógáil:** Cuireadh roinnt tionscnaimh thacaíochta agus forbartha ar fáil go fíorúil do na ceannairí is sinsearaí sa státseirbhís, lena n-áirítear: sár-ranganna, Oiliúint Feidhmeannach; imeachtaí líonraithe dírithe ar na bundúshláin atá os comhair na Státseirbhíse agus a ceannairí; meantóireacht; bainistiú ar an bpróiseas Soghluaisteachta do Rúnaithe Cúnta.

  Rinneadh athdhearadh ar na Cláir Cheannaireachta Feidhmiúcháin (Bainistiú Tallainne) do Státseirbhísigh Shinsearacha (SPS) agus Príomh-Oifigigh (PO), le haghaidh a seachadta i dtimpeallacht foghlama fhíorúil mar mhacalla ar na dúshláin réadúla a bhaineann le ceannaireacht i gcomhthéacs phaindéim Covid-19. Tar éis próiseas roghnúcháin, thosaigh 60 duine ar na cláir SPS agus PO i mí na Samhna 2020. Rinneadh na cláir a ghearrliostú le haghaidh duais IITD in 2020 sa chatagóir don tionscnamh is fearr maidir le Forbairt na Ceannaireachta.

  In 2020, chuaigh *OneLearning* chun margaidh chun tacar 16 de Chúrsaí nua Ceannaireachta a fháil, chun tacú níos fearr le forbairt ar chumas ceannaireachta sna réimsí Ceannaireacht dírithe ar an Todhchaí, Iompair na Ceannaireachta agus Cumais na Ceannaireachta. Déanfar na cúrsaí nua seo a leathadh amach i R1 2021;

- **Bainisteoirí Daoine a Neartú:** Leanadh den dul chun cinn ar an gcaoi a mbainistítear ár gcuid daoine, trí na bealaí seo: cúrsaí oiliúna á reáchtáil ag OneLearning agus Foireann Tacaíochta an SPS; tacaí agus treoir do bhainisteoirí daoine arna gcur ar fáil ag an CSEAS; béim a leagan ar an mbainistiú éifeachtach daoine sa Chreat Beartais don Obair Chumaiscthe; agus

- **An fhreagracht a leagan ar bhainisteoirí:** Chun feabhsúchán agus simpliú a dhéanamh ar na socruithe don bhainistiú feidhmíochta sa Státseirbhís, d'oibrigh an Roinn ar an mBille um Rialáil na Státseirbhíse (Leasú). Dá thoradh seo beifear in ann feidhmeanna bainistíochta a leagan ar bhainisteoirí ag leibhéil éagsúla ar fud na Státseirbhíse.

### 4.2.4. AD a shocrú mar Thiománaí Straitéiseach

In éineacht leis an bhforbairt a rinneadh ar fhreagairt láithreach do Covid-19, d'oibrigh CSHRD ar roinnt tionscnaimh straitéiseacha lena chinntiú go leanfaidh HR sa Státseirbhís den oiriúnú agus

den fhreagairt i bhfianaise na n-athruithe ar éileamh, agus go soláthraíonn sé na trí thosaíocht straitéiseach atá ag an Straitéis Daoine:

- **Treoir maidir le Covid agus Ceisteanna Coitianta:** Chruthaigh CSHRD cáipéis Treorach agus Ceisteanna Coitianta i dtús ghéarchéim Covid-19 chun comhairle agus treoir phraiticiúil a chur ar fáil d'aonaid HR maidir le gach gné den obair a bhain le Covid-19. Déantar athbhreithniú agus uasdátú air seo de réir mar a athraíonn cúrsaí agus tugtar dá aire an chomhairle ar fad a thagann ón Rialtas agus ó FSS. Déantar forbairt air i gcomhar le comhghleacaithe ar fud na Státseirbhíse agus earnálacha na Seirbhíse Poiblí, rud a chinntíonn oiread agus is féidir, go bhfuil leanúnachas agus trédhearcacht ar fud na n-eagraíochtaí maidir leis an gcaoi a gcaitear le hoibrithe;

- **Obair ón mBaile le linn Covid-19: Treoir do Chomhlachtaí Státseirbhíse:** Rinneadh an Treoir seo a chomhdhearadh le comhghleacaithe ar fud na Státseirbhíse agus earnálacha na Seirbhíse Poiblí agus thug treoir do Chomhlachtaí Státseirbhíse chun cabhrú leo tacú le fostaithe le linn na srianta sláinte a bhain le Covid. Rinneadh forbairt uirthi chun tacú le sláinte agus le folláine gach fostaí; lena chinntiú gur lean gach fostaí an cleachtas is fearr agus iad ag obair ón mbaile (bíodh sé ar bhonn lánaimseartha nó cumaiscthe); agus chun tacú le soláthar rialta éifeachtach seirbhísí. Eisíodh an Treoir i mí Mheithimh agus eisíodh uasdátú faoi Nollaig bunaithe ar an Treoir leasaithe maidir le hObair ón mBaile a d'fhoilsigh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA).

- **Deasc Chabhrach Covid:** Ar aon rámh leis an gcáipéis Treorach agus Ceisteanna Coitianta, shocraigh seirbhís deisce cabhrach 'díreach in am' chun ceisteanna a fhreagairt ó fhostóirí uile na Státseirbhíse maidir le cúrsaí fostaíochta a bhain le Covid. Cinntíodh leanúnachas mar sin sa chaoi a gcaitear le fostaithe, agus gur comhlíonadh ár nDualgas Earnála Poiblí.

- **Múnla Oibríochtaí AD:** Rinneadh athbhreithniú seachtrach in 2019 arna chistiú ag an AE, ar Mhúnla Oibríochtaí AD, agus tháinig moltaí as chun neart a chur le cumas straitéiseach AD ar fud na Statseirbhíse. Fuarthas maoiniú ón AE chun tástáil bhreise a dhéanamh ar na moltaí faoi chruthúnas coincheapa, arna chomhdhearadh leis na trí chomhlacht phíolótacha. Cuireadh stad sealadach leis an obair ar an gcomhdearadh in Aibreán 2020 i ngeall ar an bpaindéim ach tosófar air arís go luath in 2021. Tá forbairt déanta ar Chonair Ghairme agus Foghlama AD, agus seoladh Gréasán Páirtnéirí Gnó AD agus scéim phíolótach lena bhfaighidh foireann AD Creidiúnú CIPD tríd an taithí atá acu; agus

- **Bainistiú ar an gCaipiteal Daonna:** Cuireadh an obair chun tosaigh chun réiteach teicneolaíochta níos cothroime le dáta a chur in áit na réiteach reatha Párolla agus HR sa Státseirbhís. Rinneadh gníomh fiosraithe margaidh faoi chumas an mhargaidh cuspóirí straitéiseacha na Státseirbhíse a thabhairt ann agus tacú le hoibríochtaí gnó. Mar thoradh air seo bhí dréachtliosta de riachtanais HR, a bheidh mar bhonn eolais faoin tuairisc dheiridh margaidh, a chomhlíonfaidh an Próiseas Iarrtha Faisnéise (RFI). Leanfar den bhailíochtú a dhéanamh ar na dréachtriachtanais HR seo trí chomhairliúcháin chuimsitheacha le páirtithe leasmhara.

# 5 Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí

## 5.1. Ár Seirbhís Phoiblí 2020

Tháinig , an creat le haghaidh forbartha agus nuálaíochta sa tseirbhís phoiblí (arna fhorbairt i ngeall ar Dhualgas Seirbhíse Poiblí na Roinne), i bhfeidhm in 2018. Tá 18 ngníomh sa Chreat faoi na trí theideal seo thíos:

- Ag Seachadadh dár bPobal;
- Nuálaíocht don Todhchaí
- Ár nDaoine agus ár nEagraíochtaí a Fhorbairt.

In éineacht leis an nuálaíocht agus an obair i gcomhar ar fud an Rialtais, cuirtear béim in OPS2020 ar an seachadadh digiteach agus ar shonraí a úsáid chun barr éifeachtúlachta a bhaint amach. Tá béim láidir ar eagraíochtaí agus ar dhaoine sa chreat, gona ghníomhaíochtaí i réimsí ar nós: acmhainní daonna straitéiseacha; pleanáil an lucht saothair; comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht; agus forbairt ghairmiúil, chomh maith le fócas breise ar thorthaí. Déantar nuashonrú rialta ar shuíomh gréasáin OPS2020 (www.ops2020.gov.ie) maidir le ballraíocht na bhfoirne gníomhaíochtaí agus oibre.

Seo a leanas na forbairtí a tharla faoi chuid de na téamaí is tábhachtaí de chuid OPS2020:

- **Nuálaíocht sa Rialachas:** Tá múnla nuálach, neartaithe rialachais i gcreat OPS2020. Tá i gceist ann Bord Ceannaireachta Seirbhíse Poiblí (PSLB), le rannpháirtíocht Ard-Rúnaí / Príomh-Fheidhmeannach ó Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse agus ionadaithe ó réimse leathan de chomhlachtaí Státseirbhíse. Tionóladh an PSLB ceithre huaire le linn 2020. Faigheann an PSLB tacaíocht, ar a sheal, ón nGrúpa Bainistíochta Státseirbhíse (PSMG), le Rúnaithe Cúnta agus a gcómhaith rannpháirteach ó gach cuid den Státseirbhís agus den tSeirbhís Phoiblí. Tionóladh an Grúpa seo ceithre huaire chomh maith in 2020;

- **Monatóireacht ar Ár Seirbhís Phoiblí 2020:** D'fhoilsigh Aonad um Luacháil Athchóirithe na Roinne an Tuairisc i mí Mheán Fómhair 2020. Leagann an tuairisc seo amach slat tomhais na dtáscairí reatha ar thrí mhír OPS2020, in éineacht le moltaí faoi na torthaí ardleibhéil ábhartha san OPS2020. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn R4 2020 ar an dara Tuarascáil faoi Dhul Chun Cinn (agus an ceann deiridh, a chuireann síos ar an dul chun cinn idir Iúil 2019 agus Nollaig 2020 – agus cuntas faoi leith ann ar fhreagairt na Státseirbhíse do Covid-19), agus táthar ag dréim go bhfoilseofar go luath in 2021 é;

- **Taighde faoin Athchóiriú:** I nDeireadh Fómhair 2020, d'fhoilsigh an tAonad um Luacháil Athchóirithe páipéar Athbhreithnithe Caiteachais dar teideal Job churn in the public service – a trend analysis of the workforce dynamics during the years 2006-2018. Chuir an tAonad i láthair freisin torthaí agus léargais a tháinig de dhroim athbhreithnithe ar shuirbhéanna foirne ó naoi gcomhlacht Státseirbhíse, maidir le Covid-19 a rinneadh idir Aibreán agus Lúnasa 2020, i bpáipéar dar teideal 'Insights from Civil Service organisational Covid-19 staff surveys'.

- **Tacaíocht AE don Athchóiriú Struchtúrach:** Faoi Chlár Tacaíochta Athchóirithe Struchtúrach (SRSP) an AE (Ionstraim Tacaíochta Teicniúla mar a athbhaisteadh air in

2020) tugtar tacaíocht do Bhallstáit an AE maidir lena n-athchóiriú institiúideach, riaracháin agus fáis. Is í an Roinn an tÚdarás a dhéanann comhordú ar an gclár seo in Éirinn.

Bhí an Roinn i dteagmháil le hArd-Stiúrthóireacht um Thacaíocht don Athchóiriú Struchtúrach (DG REFORM) de chuid Choimisiún na hEorpa chun ullmhúchán a dhéanamh i gcomhair bhabhta maoinithe 2021 an TSI. Reáchtáladh seimineár gréasáin d'iarrthóirí ionchasacha, le cainteoirí ón gCoimisiún agus ó iarrthóirí Éireannacha ar éirigh leo roimhe. Fuarthas 29 iarratas san iomlán ó chomhlachtaí Éireannacha a d'iarr tacaíocht iomlán dar suim €11.5 milliún. Dháil DG REFORM €4.155 milliún mar chistiú ar dheich gcinn de na tionscnaimh seo.

Bhí an Roinn mar cheannaire ar ghnéithe beartais den chomhphlé faoi rialachán AE chun bonn reachtúil a chur ar fáil don TSI sa tréimhse 2021-2027. Bhí ionchur i gceist leis seo sa chomhphlé ar leibhéal Eorpach agus faisnéisiú le haghaidh iniúchadh ón Oireachtas. Sa ról seo leis, rinne an Roinn óstáil ar chuairt staidéir dhá lá ó ardoifigigh Roinn Forbartha Réigiúnaí na Cróite agus Cistí AE i mí Feabhra 2020, le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach;

- **Nuálaíocht a chur chun cinn:** Féachtar in Ár Seirbhís Phoiblí 2020 le cultúr nuálaíochta a fhorbairt i ngach cuid den tSeirbhís Phoiblí. Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas:
    - D'fhoilsigh an Roinn Straitéis nua Nuálaíochta sa tSeirbhís Phoiblí, Making Innovation Real, i mí na Samhna 2020. Leagtar amach inti fís d'Éirinn mar cheannaire domhanda sa soláthar seirbhísí poiblí tríd an nuálaíocht. Beifear ag iarraidh go mbeidh sé seo mar chuid lárnach de na chéad chéimeanna eile den athchóiriú sa tSeirbhís Phoiblí;
    - D'fhoilsigh an Oifig Athchóirithe treoircháipéis, tacar uirlisí agus acmhainní breise chun a chur ar a gcumas do gach comhlacht Seirbhíse Poiblí an nuálaíocht a thabhairt isteach ina straitéisí corparáideacha agus ina bpleananna gnó. Bhí ceardlanna ar líne ann chun cur leis na tacaí seo chun breis oiliúna a chur ar státseirbhísigh maidir leis an nuálaíocht a spreagadh;
    - Bhí fás leanúnach ar an nGréasán Nuálaíochta sa tSeirbhís Phoiblí, agus tá 830 ball anois ann, lena n-áirítear suas le 130 Ionadaithe Nuálaíochta a ceapadh go foirmeálta, atá ar thús cadhnaíochta ina gcomhlachtaí féin i dtaca leis an nuálaíocht. Reáchtáladh sraith seimineáir ghréasáin chun Smaointe a Spreagadh, agus chun taispeántas a dhéanamh faoin nuálaíocht sa tseirbhís phoiblí agus cruthaíodh spás ar líne chun an comhoibriú fíorúil a éascú ar fud na Seirbhíse Poiblí;
    - Fuarthas suas le 360 iarratas ar luach €1 milliún de Chiste Nuálaíochta sa tSeirbhís Phoiblí, rud ba gheall le méadú 168% sna hiarratais agus 129% sa chistiú a iarradh, thar chiste píolótach 2019. Thacaigh an Roinn le 34 tionscnamh ó gach cuid den tSeirbhís Phoiblí.
    - Reáchtáladh an dara Seachtain Nuálaíochta ar fud na Seirbhíse Poiblí ar líne i mí Dheireadh Fómhair. Bhí 14 imeacht ann thar 5 lá le breis agus 50 cainteoir agus féile haiceála státseirbhíse;
    - D'oibrigh an Oifig Athchóirithe i gcomhar leis an Institiúid um Riarachán Poiblí chun forbairt a dhéanamh ar an Dioplóma Gairmiúil sa Nuálaíocht sa tSeirbhís Phoiblí, leis an chéad dream isteach i Meán Fómhair. Cuireadh timpeall 150 bainisteoir ar an gcúrsa Eolas Riachtanach don Nuálaíocht agus thug an Roinn cistiú do Shár-Rang sa Nuálaíocht do cheannairí sinsearacha a raibh breis agus 100 státseirbhíseach i láthair air ó leibhéal na mbord bainistíochta;
    - D'oibrigh an Oifig Athchóirithe le OGCIO agus le Ranna chun an clár oibre GovTech a chur chun cinn agus fiosrú a dhéanamh faoin acmhainn Intleacht Shaorga maidir le soláthar na seirbhísí poiblí;

- **Seirbhís Ardcháilíochta do Chustaiméirí:** Leathnaíodh an Gréasán Seirbhíse Ardcháilíochta do Chustaiméirí (QCSN) amach níos leithne sa tSeirbhís Phoiblí agus ballraíocht anois aige ina bhfuil beagnach 370 ionadaí ó bhreis agus 116 eagraíocht. Reáchtáladh dhá imeacht chianda don Ghréasán agus tionóládh comhdháil bhliantúil (a d'fhiosraigh an téama Seirbhísí Poiblí dírithe ar Chustaiméirí).

  Seoladh grúpa QCSN ar líne ar an bhFóram Nuálaíochta agus Comhoibrithe don tSeirbhís Phoiblí i Meán Fómhair 2020 chun an teagmháil a éascú idir baill QCSN faoi cheisteanna seirbhíse do chustaiméirí. Tugadh faoi shuirbhé ar dhearcadh na seirbhíse poiblí maidir le Freagairtí Nuálacha don Seachadadh Seirbhísí do Chustaiméirí, chun measúnú a dhéanamh ar an bhfreagairt do Covid i bhfianaise na seirbhíse do chustaiméirí. Eisíodh ceistneoir chomh maith chuig baill QCSN chun bonnlíne a shocrú don chleachtas maidir le seirbhís do chustaiméirí ar fud na Seirbhíse Poiblí.

  Bhailigh an Oifig Athchóirithe 26 Cás-Staidéar a léirigh i i gcomhar leis an QCSN. Aibhsítear iontu seo bealaí inar tháinig feabhsúcháin shuntasacha sa leibhéal seirbhíse do shaoránaigh tríd an gcomhoibriú, an nuálaíocht dhigiteach, dícheall úsáide as sonraí, agus nuálaíocht daoine agus próisis;

- **Teagmháil le Saoránaigh:** Rinne an Oifig Athchóirithe forbairt ar cheithre cinn de Chás-Staidéir faoin Teagmháil le Saoránaigh, i gcomhar le roinnt comhlachtaí poiblí agus institiúidí taighde. Rinneadh athbhreithniú ar na cás-staidéir seo (dar teideal Citizen Engagement in Our Public Service) agus sainaithníodh ceisteanna barrthábhachtacha, rinneadh achoimre de na ceachtanna a foghlaimíodh, agus leagadh amach deich bprionsabal oibre chun an teagmháil le saoránaigh a chur chun cinn.

- Rinneadh dul chun cinn breise faoin gcolún **Ár nDaoine agus Ár nEagraíochtaí a Fhorbairt de OPS 2020**, mar a shonraítear thíos:
  - Críochnaíodh athbhreithniú ar an bPleanáil Straitéiseach don Lucht Saothair i líon beag eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí agus comhlachtaí poiblí idirnáisiúnta i mí na Nollag 2020. Cuirfear na moltaí chun tosaigh le linn 2021;
  - Rinneadh forbairt ar Threoir Phleanála Straitéisí don Fhórsa Saothair do Státseirbhísigh agus foilsíodh é ar shuíomh gréasáin OPS2020 (OPS2020.gov.ie);
  - Tar éis comhairliúcháin le grúpaí faoi thearcionadaíocht, rinne an Fhoireann Ghnímh thrasearnála maidir le Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht (EDI) forbairt ar acmhainní ábhartha, lena n-áirítear múnla aibíochta, chun cabhrú le comhlachtaí poiblí.
  - Rinneadh cás-staidéar a tharraing ábhar foghlama ó na Cláir Cheannaireachta sna hearnálacha Oideachais agus Sláinte, ar son na hOifige Athchóirithe, trí mheán an Ionaid Seirbhísí Éifeachtacha (CES) agus foilsíodh ar shuíomh gréasáin OPS2020 é;

- **Teicneolaíocht Éiritheach agus Uathoibriú Próiseas Róbatach:** Lean an Roinn den teagmháil a chur chun cinn idir eagraíochtaí na Seirbhíse Poiblí agus creat soláthair Uathoibriú Próiseas Róbatach (RPA) na Seirbhíse Poiblí. Ligeann sé seo do chomhlachtaí seirbhíse poiblí seirbhísí RPA a tharraingt anuas ó sholáthraí comhaontaithe, breis oiliúna a chur ar an bhfoireann agus uathoibriú a thionscnamh sna próisis oibríochtaí atriallacha a éilíonn cuid mhór ama. Thug an Roinn cúnamh do FSS maidir lena bhonneagar teicniúil RPA a thógáil go críochnúil. Bhí sé seo ríthábhachtach maidir le bainistiú a dhéanamh ar an méadú géar a tháinig ar an líon próiseas a bhain le bainistiú HR agus tuairisciú, i ngeall ar an bpaindéim.

D'fhostaigh an Roinn Comhalta Iardhochtúireachta freisin trí scéim Chomhaltachta Taighde Sheirbhís Phoiblí na hÉireann Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, chun fiosrú dhéanamh faoi dheiseanna Blocshlabhra a úsáid i bpróisis na seirbhíse poiblí.

- **Benefacts:** Thug an Roinn cabhair dheontais do www.benefacts.ie, fiontraíocht shóisialta neamhbhrábúsach a bunaíodh chun obair agus maoiniú na hearnála neamhbhrábúsaí a dhéanamh níos trédhearcaí. Tá bunachar ar líne ag Benefacts a chuireann rochtain saor in aisce ar fáil ar shonraí rialála, airgeadais agus rialachais i dtaca le 30,000 eagraíocht, lena n-áirítear gach carthanacht chláraithe agus eagraíochtaí neamhbhrabúsacha eile, ar nós institiúidí oideachais, fiontraíochtaí sóisialta agus comhlachtaí spóirt agus gairmiúla. Tá an fhaisnéis ar fáil i bhformáidí oscailte ar an ; agus


- **Forbairt ar an gclár a thiocfaidh in áit OPS2020:** Tosaíodh i R3 ar ullmhúchán don fhorbairt a dhéanamh ar an gclár a thiocfaidh ina áit seo, agus trí cinn de shruthanna oibre san áireamh ann:
  - **Athbhreithniú ar OPS2020 go dtí seo**. Reáchtáladh gníomh machnaimh arna éascú ag OCED faoin téama seo i Meán Fómhair 2020 (ina raibh timpeall 50 agallamh le páirtithe leasmhara i gceist);
  - Tosaíodh ar **mheasúnú ar thionchar Covid-19 ar an tSeirbhís Phoiblí** chun greim a fháil ar na nuálaíochtaí is rathúla a tháinig mar fhreagairt do Covid-19 agus chun iad sin a thabhairt isteach i ndearadh an chéad chláir eile; agus
  - Bunaíodh **Grúpa Straitéiseach Fadbhreathnaitheach** i Meán Fómhair 2021 chun a bheith ag obair leis an ECFE le measúnú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus cumais reatha fhadbhreathnaitheacha sa tSeirbhís Phoiblí; breithniú a dhéanamh faoin dea-chleachtas idirnáisiúnta, agus moltaí a dhéanamh i dtaca le feidhmiú agus cumas fadbhreathnaitheach na hÉireann a thógáil maidir leis an déanamh beartais agus le dearadh na seirbhíse poiblí (beidh an tuarascáil ECFE ar fáil i Márta 2021).

## 5.2. Oscailteacht, Trédhearcacht agus Freagracht

Chuir an Roinn arís lena clár athchóirithe dírithe ar an rialtas oscailte, freagrach, eiticiúil a sholáthar. Cuireadh na tionscnaimh a leanas faoi Sonraí Oscailte chun tosaigh:

- Tá Éire chun tosaigh go fóill maidir le Sonraí Oscailte san AE. Sa Tuarascáil ón gCoimisiún faoi Aibíocht Sonraí Oscailte 2020, bhí Éire sa cheathrú háit (i ndiaidh na Danmhairge, na Spáinne agus na Fraince). Bhí scór 92% ag Éirinn thar na ceithre réimse a ndearnadh tomhas orthu: beartas, tionchar, tairseach agus cáilíocht.
- Faoi dheireadh 2020, bhí nasc idir an Tairseach Sonraí Oscailte (data.gov.ie) agus breis agus 10,000 tacar sonraí ó suas le 100 foilsitheoir seirbhísí poiblí. Cuireadh sonraí ar fáil, atá mar dhúshraith do mhol sonraí Covid-19 an Rialtais, trí mheán data.gov.ie i Márta 2020. Tháinig méadú 53% bliain ar bhliain ar an líon cuairteoirí ar an suíomh, mar thoradh air sin;

**Líon Úsáideoirí ar Data.Gov.Ie**




- Bhí an Roinn rannpháirteach i roinnt comhdhálacha Eorpacha agus náisiúnta. Reáchtáladh an tríú Comhdháil Sonraí Oscailte le seimineár gréasáin i mí na Nollag agus pléadh 'turas na sonraí oscailte ón bhfoilsiú go dtí an tionchar, mar théama. Bhí breis agus 240 toscaire rannpháirteach;
- Chuir an Ciste Rannpháirtíochta Sonraí Oscailte 2020/21 €26,100 ar fáil do 7 dtionscnamh;
- Chothaigh an Roinn a Clár Tacaíochta don Litearthacht Sonraí Oscailte sa tSeirbhís Phoiblí le linn phaindéim Covid-19 – bhí 484 státseirbhíseach rannpháirteach in oiliúint sonraí oscailte ar líne in 2020;
- Tosaíodh ar Ghníomh Hale & Hearty Uimh. 2019-IE-IA-0126 i Lúnasa 2020 (arna chistiú faoi Shaoráid Chónascadh na hEorpa). Tá an Roinn ag obair leis na comhpháirtithe tionscadail, lena n-áirítear an Roinn Sláinte, CSO agus Comhairle Contae Fhine Gall, chun an inrochtaineacht ar shonraí sláinte agus folláine a mhéadú agus a éascú; agus
- Thosaigh an Roinn ar theagmháil le hOifig an Ard-Aighne chun an t-aistriú a chur i gcrích ar an Treoir AE um Sonraí Oscailte agus Ath-Úsaid Fhaisnéis na Seirbhíse Poiblí 2019 (EU2019/1024), rud is gá a dhéanamh faoi Iúil 2021. Rinne an Roinn comhphlé freisin faoin téacs a bheidh sa chéad Acht Feidhmithe AE atá mar cheanglas faoin Treoir. Déanfar an tAcht seo a fhoilsiú in 2021, agus cuirfidh sé ceangal maidir le saoráil ar shonraí sainiúla rialtais atá ar ardluach, i bhformáidí oscailte, trí bhogearraí Comhéadain Feidhmchláir (API).

## 5.3. Bearta Reachtúla agus Rialachais Phoiblí

Rinneadh cothú nó dul chun cinn i ndáil leis na tionscnaimh reachtúla agus rialachais phoiblí seo a leanas:

- **Saoráil Faisnéise (FOI):** Leanann an tAonad Lárnach Beartais FOI (CPU) den tacaíocht le feidhmiú agus le forbairt beartais maidir le córas FOI na hÉireann. Áirítear san obair seo tacaíocht agus comhairle tríd an deasc chabhrach FOI do shaoránaigh, ghnólachtaí, iriseoirí agus acadóirí, chomh maith le timpeall 600 comhlacht FOI. I bhfianaise an tionchair a bhí ag paindéim Covid-19 go háirithe, bhí gá le hiarracht shuntasach chun tacú le

ceartfheidhmiú FOI, i ngeall ar an gcorraíl a bhain do na comhlachtaí seo. Bhí an CPU mar chathaoirleach freisin ar chruinnithe de Ghréasán FOI, rinne cur i láthair ag roinnt comhdhálacha agus imeachtaí oiliúna, rinne forbairt ar threoirlínte nua, agus rinne nuashonrú ar shuíomh gréasáin www.foi.gov.ie .

- **Nochtadh Cosanta:** Lean an Roinn dá tacaíocht le feidhmiú agus le forbairt beartais i ndáil leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014, a chuireann cosaint reachtúil ar fáil d'oibrithe a thugann faisnéis uathu faoin éagóir san ionad oibre. Tá líonra bainisteoirí nochtadh cosanta mar bhonn tacaíochta leis an obair seo i gcomhlachtaí poiblí barrthábhachtacha: bhí ceithre chruinniú den líonra seo ann in 2020.

  Tosaíodh ag obair ar thrasuíomh na Treorach (EU) 2019/1937, a chuireann cosaint ar fáil d'fhaisnéiseoirí ar fud an AE agus ar gá í a thrasuíomh faoi dheireadh 2021. Rinneadh comhairliúchán comhairliúchán poiblí faoin trasuíomh le linn Mheithimh agus Iúil, agus fuarthas 24 aighneacht a foilsíodh ar ball. Tá an Roinn rannpháirteach i nGrúpa Saineolais Choimisiún na hEorpa faoin Treoir, a tháinig le chéile faoi thrí in 2020. Shínigh an tAire ionstraim reachtúil – SI 367 de chuid 2020 – a rinne nuashonrú ar an liosta daoine forordaithe ar féidir nochtadh cosanta a dhéanamh leo faoi alt 7 den Acht, rud a mhéadaigh an líon daoine forordaithe ó 102-110. Reáchtáladh seimineár do dhaoine forordaithe faoina ról agus faoi thionchar na Treorach Faisnéisithe i mí na Samhna agus bhí 80 rannpháirteach ó 55 eagraíocht. Chuir an Roinn braistintí ar fáil do ghrúpa oibre Údarás um Chaighdeáin na hÉireann faoi fhorbairt agus faomhadh Chaighdeán ISO 37002 maidir le córais bainistithe an fhaisnéisithe.

- **Rialú na Brústocaireachta**: Faoin Acht um Brústocaireacht a Rialú 2015 bunaíodh clár ar líne den ghníomhaíocht bhrústocaireachta chun trédhearcacht ar chur ar fáil maidir le cé na daoine atá i dteagmháil lena chéile, agus údar na teagmhála sin. Ní mór do bhrústocairí clárú leis an gCoimisiún um Chaigheáin in Oifigí Poiblí (SIPO), agus tuairisceán a chur isteach uair gach cheithre mhí. Faoi dheireadh 2020, cuireadh timpeall 49,000 tuairisceán isteach ar an gclár agus bhí timpeall 2,100 duine agus eagraíocht cláraithe.

  Ní mór faoin Acht go ndéanfaí athbhreithniú tréimhsiúil ar a chuid forálacha. Rinneadh an dara próiseas reachtúil athbhreithnithe, lenar áiríodh comhairliúchán poiblí, in 2019 agus foilsíodh an tuarascáil i mí Feabhra 2020. I Meán Fómhair 2020, d'fhógair an Taoiseach athbhreithniú ar alt 22 d'Acht 2015, maidir le srianta a chur ar an bhfostaíocht mar bhrústocaire tar éis téarma oifige. Thug an tAire treoir i mí na Samhna gur chóir an t-athbhreithniú seo a leathnú chun na nithe a leanas a thabhairt isteach: athbhreithniú ar na moltaí a rinne SIPO don dá athbhreithniú reachtúil a bhí ann cheana; ceist na brústocaireachta ar dhaoine ábhartha lasmuigh den Stát; saincheisteanna a tógadh in dhá Bhille Comhaltaí Príobháideacha a tugadh faoi bhráid na Dála i mí na Samhna 2020. Tosaíodh ag obair ar an athbhreithniú leathnaithe seo i R4 2020.

- **An Eitic:** Rinne an Roinn freastal ar chruinnithe den Ghrúpa Athbhreithnithe, le James Hamilton mar chathaoirleach, a rinne iniúchadh ar struchtúir an cheartais choiriúil in Éirinn, chun cur in aghaidh na coiriúlachta airgeadais agus caimiléireachta. Foilsíodh tuairisc an Ghrúpa Athbhreithnithe i mí na Nollag 2020.

  Rinneadh beirt chomhaltaí neamh-Státseirbhíse ar an mBord Ceapachán Lasmuigh a athcheapadh téarma eile a fhad leis an 31 Márta 2023. Déanann an Bord iniúchadh neamhspleách ar cheapacháin státseirbhíseach agus comhairleoirí áirithe a ghlactar taobh istigh de bhliain tar éis a dtéarma fostaíochta sa Státseirbhís teacht chun deiridh.

Tá gealltanas sa Chlár Rialtais 2020 maidir le hathchóiriú agus daingniú a dhéanamh ar an eitic sa reachtaíocht i dtaca le hoifigí poiblí. Tosaíodh ag obair ar athbhreithniú iomlán na reachtaíochta faoin eitic, agus ina dhiaidh sin tabharfar Bille Eitice nua daingnithe faoi bhráid an Oireachtais; agus

- **Teagmháil le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta:**
  Chuir an Roinn a cion le ceathrú tuarascáil na hÉireann maidir le comhlíonadh GRECO (Grúpa Stát in aghaidh na hÉillitheachta Chomhairle na hEorpa), a pléadh ag ollchruinniú GRECO i Meán Fómhair 2020. Tá Éire laistigh den phróiseas comhlíonta agus beifear faoi cheangal tuairisc a dhéanamh faoin dul chun cinn faoi Mheán Fómhair 2021.

  Chuir an Roinn ábhar ar fáil chomh maith don Chúigiú ceistneoir measúnaithe GRECO, a leanfar le cuairt ar Éirinn ag an bhfoireann mheasúnaithe (Aibreán 2021 atá sceidealaithe).

  Tá oifigigh de chuid na Roinne ag obair mar athbhreithnitheoirí san athbhreithniú tíre atá ar siúl ar Veiniséala, faoi Choinbhinsiún na NA in Aghaidh na hÉillitheachta. Tá an Roinn rannpháirteach freisin i nGrúpa Oibre an ECFE d’Ard-Oifigigh Iontaofachta Poiblí, mar a bhfuiltear ag cur leis an bhforbairt ar tháscairí don iontaofacht phoiblí agus frithéillitheachta do bhallstáit.

# 6 Rialtas Digiteach

## 6.1. Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO)

Is é Príomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais an ceannaire maidir le clár oibre digiteach an rialtais agus tugann Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais (OGCIO) tacaíocht dó, agus an iomad sainchúraimí éagsúla air. Bítear ag obair i gcomhar le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí agus tá fás ag teacht ar a rannpháirtíocht sa tacaíocht le forbairt dhigiteach in earnálacha, ar nós cibearshlándála méadaithe, an Aip Rianaithe Teagmhálaithe, agus leathadh an Vacsaínithe.

Tá ról ceannais ag OGCIO sa soláthar seirbhísí agus tionscnaimh nuálaíochta; is aige atá maoirseacht ar chaiteachas TFC Ranna agus gníomhaireachtaí; is é a dhéanann ionadaíocht ar Éirinn ag leibhéal an AE maidir le TFC na seirbhíse poiblí, cúrsaí digiteacha agus ríomh-Rialtais, agus ar ghrúpaí oibre CIO an Rialtais agus ar fhóraim in eagraíochtaí iltaobhacha.

Cuireann OGCIO seirbhísí TFC ar fáil freisin, ar nós an tacair Tógáil le Roinnt, don Roinn ar bhonn níos leithne, lena n-áirítear an CMO. Cuireann sé réitigh ar fáil freisin don Roinn Airgeadais, lena n-áirítear réiteach Tuairiscithe Ginearálta Rialtais chun bainistiú a dhéanamh ar an mBuiséad agus ar phróiseas bliantúil Uasdátaithe an Chláir Chobhsaíochta.

Tháinig athrú ar struchtúir inmheánacha OGCIO chun tabhairt faoi bhunú OGCIO mar Vóta scoite; an leathnú a tháinig ar a bhonn cliant don tacar Tógáil le Roinnt; agus an leathnú a tháinig ar a shainordú. Ar na hathruithe bhí Aonad Rialachas Sonraí a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar an Acht um Chomhroinnt agus Rialáil Sonraí agus ar Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí; Aonad Comhairliúcháin agus Nuálaíochta Líonra, i bhfianaise an riachtanais le hionchur suntasach ó OGCIO i dtionscadail mhóra, lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus An Garda Síochána.

## 6.2. Forbairtí Móra TFC sa Roinn

Le linn na bliana, d’oibrigh OGCIO le rannóga ar fud na Roinne chun córais idir nua agus reatha a chur i bhfeidhm agus a fheabhsú, lena n-áirítear: Bunachar Sonraí na Scéime Pinsin Aonair Nua don Státseirbhís; an Tionscadal Pinsin Dliteanais Fhabhraithe; réiteach nua don Bhainistiú Meastachán; Sonraí Banda Tuarastail Státseirbhíse de réir na Scéime Pinsin; feabhsúcháin ar Bhunachar Sonraí CS HR; tuairisciú CMO agus CSEAS; agus Tairseach Sláinte agus Folláine CS HR.

Tasc barrthábhachtach ag OGCIO in 2020 a chur ar chumas na Roinne aistriú go dtí an chianobair shlán chuimsitheach i gcomhthéacs phaindéim Covid-19. Áiríodh sa mhéid sin:

- Leathnú a dhéanamh ar úsáid na seirbhíse Dír-Rochtana;
- Cumais agus bonneagair bhreise a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go raibh d’acmhainn agus d’fheidhmíocht sa chóras tacú leis an líon méadaithe foirne ag bhí ag obair ón mbaile;
- Feabhsúchán a dhéanamh ar bhonneagair chibearshlándála agus oiliúint agus faisnéisiú a chur ar fáil;
- Síneadh a chur leis na huaireanta do Dheasc Chabhrach OGCIO a fhad le 11in gach oíche i bhfianaise na bpatrún difriúil oibre a tháinig le linn na bliana; agus

- Foireann riachtanach bheith ar an láthair i rith ama, chun tacú leis an bhfoireann.

I ngeall ar an aistriú chuig an gcianobair, bhí athrú an-suntasach ar an méid agus ar an gcineál úsáide a bhíothas a bhaint as an bhfís-chomhdháil agus as seirbhísí cruinnithe ar líne agus comhoibrithe. Chun déileáil leis sin, cuireadh sainoiliúint ar fáil don fhoireann sa Roinn; rinneadh feabhsú ar bhonneagar TFC leis an idirghníomhaíocht le páirtithe lasmuigh a éascú; cuireadh rochtain ar fáil ar sheirbhís cruinnithe ar líne chun éascaíocht a dhéanamh do sheimineáir ghréasáin agus do chruinnithe seachtracha ina raibh líon níos mó úsáideoirí rannpháirteach.

## 6.3. Mórghníomhaíochtaí Straitéis TFC na Státseirbhíse 2020

D'iarr Straitéis TFC na Státseirbhíse, a foilsíodh in 2015, le torthaí agus éifeachtúlacht níos fearr a chur ar fáil tríd an nuálaíocht agus an barr feabhais sa TFC. Cé go bhfuil cuid mhór de na téamaí ábhartha go fóill, tosaíodh ag obair ar a comharba in 2020 agus táthar ag súil go mbeidh bailchríoch ar an obair sin go luath in 2021.

I gcomhar leis an mBord Comhairliúcháin TFC, thug Plean Gnímh 18 gCéim faoi chonair chun na cúig théama straitéiseach sa straitéis a chur chun tosaigh: Tógáil le Roinnt, Digiteach ar dTús, Sonraí mar Chumasóir, Rialachas a Fheabhsú, agus Cumas a Mhéadú. Is ionann an Vóta OGCIO a bheith socraithe in 2020 agus aitheantas ar thábhacht agus ar rathúnas an tionscnaimh Tógáil le Roinnt go dtí seo.

### 6.3.1. Tógáil le Roinnt

Féachann an tionscnamh Tógáil le Roinnt (BTS) le bogadh i dtreo múnla comhroinnte don soláthar seirbhísí TFC, tacú leis an gcomhtháthú agus le comhroinnt acmhainní ar fud na státseirbhíse, agus éifeachtúlacht a chur chun cinn agus smacht a choinneáil ar chostais. Ba mhór an gar an infheistíocht a rinneadh sa tacar BTS leis an aistriú a éascú go dtí an chianobair shlán chuimsitheach agus rochtain ar acmhainní tábhachtacha corparáideacha in achar gearr ama.

Leanadh de na seirbhísí BTS a chur ar fáil mar thaca do chliaint reatha agus nua i bhfianaise na n-athruithe a tháinig ar thimpeallacht na hoibre:

- **Líonraí Rialtais a Tógadh le Roinnt:** tugtar leo seo seirbhísí gréasáin cost-éifeachtacha, ardluais, ar chaighdeán iompróra don ghlór, fís agus sonraí, do gach comhlacht poiblí agus cumasaíonn an idirnascacht shlán idirghníomhaireachta.

  Tá comhlachtaí poiblí i dtimpeall 80 baile agus cathair ar fud na tíre agus rochtain acu ar idirnascacht líonra agus tá breis agus 900 nód líonra faoi mar atá. Tá an córas LAN faoi Bhainistiú, atá ar fáil do Chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí (PSB), in úsáid anois ag gníomhaireachtaí iomadúla.

  Tá méadú ar an nglacadh le bonneagar comhroinnte Wi-Fi lárnaithe, a ligeann do PSBanna gréasáin shlána chorparáideacha agus aíonna a chur ag imeacht in áiteanna iomadúla leis an infheistíocht is lú sa bhonneagar, agus tá 15 ghníomhaireacht anois beo, lena n-áirítear úsáid bharrthábhachtach in ionaid sláinte, agus tá roinnt eile ag reáchtáil trialacha cruthúnais ar an gcoincheap. Cuireadh bonneagar breise idirnascachta i bhfeidhm ag calafoirt chun tacú leis na hiarrachtaí pleanála don Bhreatimeacht.

Tá an bonneagar Wi-Fi lárnaithe in úsáid anois i moil straitéiseacha oibre mar chuid den Phlean Náisiúnta Leathanbhanda chun tacú leis an gcianobair, agus beifear á fheabhsú a thuilleadh chun nascacht *eduroam* a chur ar fáil do mhic léinn i gcomhar le *HEAnet*. Tá an soláthar críochnaithe don ghréasán raidió do na seirbhísí éigeandála solais ghoirm. Tá bonneagar gutháin IP á chur ar fáil go lárnach anois do bhreis agus 70 PSB, rud a éascaíonn glaonna slána ar chostas íseal ar fud an Rialtais.

Mar fhreagairt don phaindéim, rinneadh feabhsú ar an droichead comhdhála saorúsáide chun tacú leis an ardú mór ar an éileamh – ó 50 úsáideoir pointe amháin i mí Feabhra 2020 go breis agus 1,600 faoi Nollaig 2020. Mar fhreagairt dhíreach ar an leibhéal méadaithe bagartha ón gcibearghníomhaíocht, chuir OGCIO bearta feabhsaithe slándála i bhfeidhm chun cianúsáideoirí agus sócmhainní gníomhaireachta a chosaint ar an mbonneagar Gréasán Rialtais;

- **Feidhmchláir a Tógadh le Roinnt** tugtar leo seo tacar feidhmchlár tacaíochta corparáidí atá comónta ar fud na gcomhlachtaí rialtais, atáthar a leathnú amach ar bhonn céimneach ar fud na Ranna. Faoi láthair tá breis agus 55 comhlacht poiblí ar bord leis an ardán comhroinnte, agus 150 leagan de na feidhmchláir seo curtha ar fáil san iomlán. Ar na feidhmchláir a cuireadh leis an taca i mbliana tá feidhmchlár bainistithe cáis, réiteach don bhainistiú riosca corparáideach, agus, i gcomhar le Roinn an Taoisigh, feidhmchlár úsáideora le haghaidh r-Chomh-Aireacht. Tá roinnt eagraíochtaí ag glacadh leis an bhfeidhmchlár eList chun tacú leis na Prótacail Covid-19 um Fhilleadh ar an Obair. Anuas air sin, tá eagraíochtaí ag baint úsáid as an bhfeidhmchlár Deasc Chabhrach chun rianú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le Breatimeacht agus le Covid.

- **gov.ie a Tógadh le Roinnt** Tugtar leis seo éadan aontaithe comhsheasmhach do sheirbhísí faisnéise rialtais agus éascófar leis tacar seirbhísí comhtháthaithe digiteacha a chur ar fáil don phobal tar éis tamaill (gov.ie, MyGovID, Digital PostBox, eForms, eCase Management, Digital Credentials agus MyDataPortal). Ag deireadh 2020, bhíothas tar éis 14 de na suíomhanna gréasáin ag Ranna Rialtais a mheascadh leis an tseirbhís gov.ie. Beidh an chuid eile le tabhairt ar bord le linn 2021.

  Anuas air sin, le linn 2020, d’éirigh an tseirbhís gov.ie ina ardán barrthábhachtach maidir le tacú le cumarsáid an Rialtais ag tacú leis an bhfreagairt don phaindéim, nuair a láimhseáladh breis agus 100m radharc ar leathanach – méadú an-suntasach ar na blianta roimhe.

- **Deasc faoi Bhainistiú a Tógadh le Roinnt**: tugtar leis seo an gnáthréimse seirbhísí TFC d'úsáideoirí sna comhlachtaí seirbhíse poiblí. Áirítear iontu seo ríomhairí pearsanta, ríomhairí glúine, gléasanna hibrideacha/táibléid, tacar táirgiúlachta oifige, ríomhphost, clódóireacht faoi bhainistiú, fís-chomhdháil, líonra áitiúil, rochtain idirlín, seirbhísí fóin agus deasc chabhrach chomh maith leis an mbonneagar bainteach óstála agus cibearshlándála atá mar bhonn taca leo seo uile.

  Cuireadh na seirbhísí seo ar fáil d’eagraíochtaí breise, lena n-áirítear an Roinn Cosanta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus an Coimisiún um Achomhairc Chánach. Tugann OGCIO croísheirbhísí TFC deisce do bhreis agus 4,000 úsáideoir in 17 n-eagraíocht i mbreis agus 30 ionad ar fud na tíre. Tá pleanáil ar siúl chun tuilleadh Ranna/Oifigí Rialtais a thabhairt ar bord le linn 2021.

Bhí barrthábhacht leis an tseirbhís Deasc faoi Bhainistiú chun a chur ar chumas na foirne ar fud na gclianteagraíochtaí aistriú go dtí an chianobair agus go háirithe áiseanna físchomhdhála a úsáid do chruinnithe ar líne. Cuireadh clinicí oiliúna ar fáil chun tacú leis an gcianobair maidir le dícheall úsáide a bhaint as an bhfíschomhdháil agus leis an gcibearfheasacht;

- **Néal Príobháideach Rialtais a Tógadh le Roinnt:** cuirtear ar fáil leis seo néal-bhonneagar Rialtais atá láidir, seasmhach, príobháideach. Tá an Bonneagar mar Sheirbhís (IaaS) ar fáil don óstáil córais/feidhmchláir do gach Comhlacht Poiblí. Tá pleananna á gcur chun cinn maidir le tuilleadh feidhmchlár a thabhairt ar bord ó Ranna/Oifigí Rialtais le linn 2021; agus

- **Ionad Sonraí Rialtais a Tógadh le Roinnt:** cuireann sé seo deis eile ar fáil ar an gcomhroinnt bonneagair, a ligeann do chomhlachtaí na seirbhíse poiblí a mbonneagar TFC féin a lonnú i saoráid ar leis an Rialtas í agus arb é an Rialtas a reáchtálann í, agus í saintógtha chun na críche sin. Tá céim an deartha réidh, tá an cead pleanála comhaontaithe agus tá plean gnó nuashonraithe á chríochnú agus súil go rachfar chun an mhargaidh i gcomhair comhlacht tógála go luath in 2021 nó faoi lár na bliana.

## 6.3.2. Digiteach ar dTús

Leanann foghrúpa Ceannairí Digiteacha de Bhord Bainistíochta na Státseirbhíse den mhaoirseacht agus den ghéarú luais a dhéanamh ar an aistriú digiteach ar fud na Seirbhíse Poiblí. Tá clár tosaíochtaí don aistriú digiteach comhaontaithe ag an Rialtas agus tá Clár Digiteach comhroinnte ann, a chuimsíonn gach comhlacht poiblí.

Lean OGCIO den fhorbairt agus den chur chun cinn ar shócmhainní digiteacha comhroinnte a fheabhsaíonn an leanúnachas agus éifeachtúlachtaí sa soláthar tosaigh agus cúil ar sheirbhísí poiblí. Ar na tionscnaimh atá ann tá an glacadh le MyGovID, meicníocht choitianta dheimhnithe ar líne a úsáideann comhlachtaí poiblí, a shroich chóir a bheith 1,000,000 cuntas deimhnithe faoi dheireadh 2020. Cuireann MyGovID deis aonair 'síniú isteach' atá slán sábháilte d'úsáideoirí síniú isteach ina seirbhísí poiblí agus tá sé deartha chun éascaíocht a dhéanamh ar chur chuige Rialtais atá níos comhtháthaithe, le tuilleadh comhroinnte, tuilleadh athúsáide agus tuilleadh imeasctha idir comhlachtaí poiblí. Ligeann MyGovID don rochtain ar réimsí seirbhísí poiblí lena n-áirítear Leas Sóisialach, Ioncam, Iompar, Oideachas agus an Scéim Náisiúnta Chúraim Leanaí.

## 6.3.3. Sonraí mar Chumasóir

Cuid lárnach den tionscnamh Sonraí mar Chumasóir is ea Stráitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí atá mar thaca faoi chuid mhór de na tionscnaimh atá leagtha amach sa tuarascáil seo.

## 6.3.4. Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí 2019-2023

Rinneadh forbairt ar Straitéis Sonraí na Seirbhíse Poiblí i gcomhairle le gach Roinn, lena n-áirítear an Lár-Oifig Staidrimh (CSO). Tá mar chuspóir aige sraith beart a shocrú chun feabhsú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar sonraí a rialú, a bhainistiú agus a athúsáid go slán, go héifeachtúil agus go trédhearcach chun leas gach saoránach, gnólacht agus lucht déanta beartais. Tógann sé ar thionscnaimh reatha sonraí ar nós Bonneagar Náisiúnta Sonraí (NDI) agus an .

Fágfaidh feidhmiú na straitéise gur fearr as a bheidh an Rialtas i dtaca le freagairt d'éilimh ar sheirbhísí go solúbtha ar na bealaí a leanas: seirbhísí digiteacha níos comhtháthaithe, imeasctha ó thús deiridh a chur ar fáil; próisis níos fearr don chruthú agus don mheasúnú beartais; feabhsú ar chosaint agus ar thrédhearcacht na próiseála sonraí pearsanta; riarachán a laghdú trí ghearradh siar ar an riachtanas le gnólachtaí agus saoránaigh na sonraí céanna a chur ar fáil arís agus arís eile.

Rinneadh dul chun cinn ar obair ar roinnt gníomhaíochtaí tábhachtacha laistigh den straitéis, mar atá:

- Cumasaíodh go mbunófaí an Bord Rialála Sonraí;
- Cuireadh tionscnamh Bosca Poist Digiteach i bhfeidhm, ar réiteach slán sábháilte postais idir Rialtas agus saoránach; agus
- Rinneadh forbairt ar Chatalóg Sonraí na Seirbhíse Poiblí, a dhéanann catalógú ar shonraí tábhachtacha atá ar coinneáil sa Státseirbhís – rud a éascaíonn athúsáid sonraí agus an trédhearcacht.

Chomh maith leis na gníomhaíochtaí thuas, bhí éileamh níos airde in 2020 ar shonraí agus ar chomhroinnt sonraí agus socraíodh roinnt beart maidir le comhroinnt agus rochtain éigeandála ar shonraí chun cabhrú le FSS agus le comhlachtaí eile tabhairt faoi na dúshláin a tháinig le paindéim Covid-19.

## 6.3.5. An Rialachas a Fheabhsú

Lean an Bord Comhairleach TFC dá chuid cruinnithe, le fócas faoi leith ar an rannpháirtíocht le tionsclaíocht. Chomh maith leis sin, mar cheannaire ar Ghníomh 1 d'Ár Seirbhís Phoiblí 2020, Seachadadh Seirbhísí Digiteacha a Luathú, tá teagmhálacha rialta ag CIO an Rialtais chun an comhrá a spreagadh agus smaointe a roinnt agus cláir a fheidhmiú idir an rialtas lárnach agus áitiúil, An Garda Síochána agus na hearnálacha sláinte agus oideachais.

Lean OGCIO dá ról maoirseachta a chur de i dtaca le faomhadh a dhéanamh ar thionscadail TFC agus dhigiteacha ar fud na Státseirbhíse agus na Seirbhíse Poiblí. Maidir le 19 dtionscadal go sainiúil, bhí tacaíocht ag OGCIO ó Ghrúpaí Piarmheasúnaithe arb é a gcuspóir athbhreithniú neamhspleách oibiachtúil a chur ar fáil ar thionscnaimh ar scála áirithe, lena n-áirítear díriú ar dhearbhuithe faoin soláthar.

## 6.3.6. Acmhainn Mhéadaithe

Rinneadh dul chun cinn breise ar Straitéis Ghairmiúlaithe TFC HR, atá deartha lena chinntiú go mbeidh an cumasc ceart scileanna, eolais agus saineolais ag an Státseirbhís istigh inti féin, chun seirbhísí éifeachtacha digiteacha rialtais a sholáthar. D'oibrigh OGCIO leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (PAS) ar an réimse feachtas earcaíochta TFC chun riar ar riachtanais na Státseirbhíse ag gach leibhéil, ó Speisialtóirí TFC go dtí PO-TFC.

Tá an Clár Speisialtóirí TFC do Phrintísigh sa Státseirbhís ar leanúint, agus bainfidh sé ceann scríbe amach i mí na Bealtaine 2021. Scéim dhá bhliain í seo ina mbítear ag saothrú agus ag foghlaim san aon am amháin, i gcomhar le *FastTrack to IT* (FIT), an soláthraí náisiúnta a dhéanann comhordú ar Phrintísigh Theicniúla TFC. Bhí 11 eagraíocht Státseirbhíse rannpháirteach sa chlár, agus tá na printísigh tar éis dul ar aghaidh go maith ina gcuid clár sa phost féin agus lasmuigh de sin. Rinne OGCIO athbhreithniú freisin ar an scéim phíolótach agus

táthar ag obair le PAS chun an comórtas dúnta a phleanáil do Speisialtóirí TFC a bheifear a reáchtáil i ndeireadh an chláir.

## 6.4. Straitéis TFC na Státseirbhíse – an Chéad Ghlúin Eile

Foilsíodh an Straitéis reatha TFC don Státseirbhís in 2015 agus dúil go mairfeadh sí cúig bliana. Tosaíodh ar obair ar athbhreithniú a dhéanamh faoi chomharba in 2020 agus táthar ag súil go mbeidh sé seo críochnaithe i R1 2021. Beidh macalla sa straitéis nua ar dhúshláin reatha agus ar dheiseanna don chlaochlú digiteach ar an tSeirbhís Phoiblí, cuirfear san áireamh clár oibre digiteach an AE agus an comhthéacs digiteach domhanda, agus an cuspóir ann go gcoinneodh Éire a hionad mar cheannaire digiteach domhanda. Déanfar straitéisí eile a chur chun cinn faoina scáth, ar nós Gníomhaíochtaí Tosaigh GovTech, Straitéis Ghairmiúlaithe HR TFC agus an Straitéis Sonraí don tSeirbhís Phoiblí 2019-2023; tiocfaidh sí in áit na Straitéise ríomh-Rialtais 2017-2020, mar is iomchuí.

### 6.4.1. Straitéis ríomh-Rialtais 2017-2020

Mar bhonn leis an Straitéis eRialtais 2017-2020 tá gealltanas an Rialtais an digitiú agus an teicneolaíocht a úsáid chun an éifeacht agus an éifeachtúlacht a mhéadú agus seirbhísí poiblí a leasú i rith an ama. Leagtar amach ann roinnt prionsabail bharrthábhachtacha, i gcomhréir le Plean Gnímh r-Rialtais an AE 2016-2020, a bheidh mar thiománaí chun é a chur i bhfeidhm. Seo a leanas iad: Digiteach ó Bhunús; Prionsabal na hAon Uaire; Ionchuimsitheacht agus Rochtaineacht; Oscailteacht agus Trédhearcacht; Trasteorainn ó Bhunús; Idiroibritheacht ó Bhunús; Iontaofacht agus Slándáil.

Tá dul chun cinn leanúnach á dhéanamh ar sholáthar a dhéanamh i dtaca leis na 10 ngníomh is tábhachtaí sa Straitéis i gcomhthéacs chlár cuimsitheach oibre an OGCIO thar réimse straitéisí agus tionscnamh.

### 6.4.2. GovTech

Tionóladh Cruinniú GovTech 2019 i Meitheamh 2019 chun anailís a dhéanamh ar an dlisteanú ar Éiceachóras GovTech in Éirinn, agus an acmhainn a leithéid a thógáil. Tá taifead déanta i dTuarascáil Chruinniú GovTech 2019 ar an bplé agus ar na torthaí ón gcruinniú sin, an dóchas i leith GovTech, na bearta a léireodh dul chun cinn agus na hocht ngníomh achomair ba ghá leis an dóchas a aistriú ina fhírinne. Bhí rannpháirtíocht láidir leis an tionsclaíocht agus leis an saol acadúil i rith na bliana lena chinntiú go leanann acmhainn dhigiteach na hÉireann den fhás agus den fhorbairt. Tá OGCIO tar éis bheith ag obair leis an Aire Stait nua chun pleananna soláthair a fhorbairt.

## 6.5. Rannpháirtíocht ag Leibhéal AE agus Idirnáisiúnta

Lean OGCIO den mhonatóireacht ar fhorbairtí agus rinne ionadaíocht ar Éirinn ag imeachtaí idirnáisiúnta nuair ab ábhartha. Bhí sé rannpháirteach i gcoistí AE, i ngrúpaí oibre agus i ngníomhaireachtaí, lena n-áirítear: Coiste ISA[2] an Choimisiúin Eorpaigh agus grúpaí bainteacha; Grúpa Stiúrtha Phlean Gnímh r-Rialtais na hEorpa; coistí teicniúla agus beartais eIDAS; grúpa oibre STESTA; Grúpa Comhordaithe Rialachán na Tairsí Digití Aonair; Páirtíocht Bhlocshlabhra na hEorpa.

Chuir an Coimisiún Eorpach **Innéacs Digiteach Eacnamaíochta agus Sochaí** (DESI) do 2020, ar innéacs é a thugann achoimre ar tháscairí ar fheidhmíocht dhigiteach bhallstáit an AE thar an Idirnascacht, Caipiteal Daonna/Scileanna Digiteacha, Úsáid Seirbhísí Idirlín ag saoránaigh, comhtháthú na Teicneolaíochta Digití ag gnólachtaí, Seirbhísí Poiblí Digiteacha, agus TFC Taighde agus Forbartha. Bhí ráta maith ag Éirinn i measc thíortha AE in athbhreithniú 2020, agus í sa 9ú háit maidir le seirbhísí poiblí digiteacha, thíos áit amháin ón mbliain seo caite.

Beidh an rannpháirtíocht leis an AE barrthábhachtach do OGCIO le linn 2021. Anuas air sin, tá dlús curtha leis an teagmháil leis an ECFE agus beifear ag díriú air sin in 2021, go háirithe maidir le scileanna, seirbhísí, sonraí agus eitic dhigiteach.

### 6.5.1. Rialachán na Tairsí Digití Aonair

Is é OGCIO an Comhordaitheoir Náisiúnta ar Rialachán an Tairsigh Dhigitigh Aonair ón AE, a dhéanfaidh éascaíocht den rochtain ar an bhfaisnéis, ar phróisis riaracháin agus ar sheirbhísí cúnaimh a bheidh de dhíth ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí le go mbeidh siad gníomhach i dtír AE eile. I mí na Nollag 2020, d'éirigh le OGCIO an spriocdháta dlíthiúil a bhaint amach maidir le céim 1 den rialacháin agus thug faisnéis áisiúil ag úsáideoir agus rochtain ar sheirbhísí réitithe fadhbanna. Leanfaidh OGCIO den teagmháil leis an nGrúpa Comhordaithe SDGR agus le gach páirtí leasmhar ábhartha agus é ag díriú ar an gcéad chéim eile den rialachán trí 2021 ar aghaidh go 2023.

### 6.5.2. Seirbhísí Leictreonacha Aitheantais agus Iontaofachta - eIDAS

OGCIO atá freagrach freisin as an Rialachán AE maidir le seirbhísí leictreonacha aitheantais agus iontaofachta a chur i bhfeidhm maidir le hidirbhearta leictreonacha sa mhargadh inmheánach (eIDAS).

Chun tacú le Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí (PSBanna) a bpríomhoibleagáid dhlíthiúil a bhaint amach maidir leis an gComh-Aitheantas faoin Rialachán, chruthaigh OGCIO pointe rochtana Náisiúnta (Nód eIDAS) chun idirnascacht a chur ar fáil don ghréasán idiroibritheachta eIDAS agus cuid bróicéara (eIDAS Broker) chun éascaíocht a dhéanamh den chumarsáid idir soláthraithe seirbhíse Éireannacha agus an phointe rochtana náisiúnta. Tá OGCIO ag glacadh soláthraithe seirbhíse ar bord san am i láthair chun tacú leis PSBanna teacht lena n-oibleagáidí Comh-Aitheantais tacú go hiomlán leis an Rialachán eIDAS.

# 7 An Soláthar Poiblí

## 7.1. Athchóiriú an tSoláthair Phoiblí

Cuireann an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) comhairle ar an Aire, an Aire Stáit agus ar an Rialtas maidir leis an gclár athchóirithe soláthair. Le linn 2020 rinneadh forbairt ar mholtaí maidir leis an gclár athchóirithe soláthair a athchóiriú tar éis comhairliúcháin leis an Rialtas agus le lucht tionscail. Bhí an comhairliúchán seo mar bhonn eolais do Ráiteas Straitéise 2021 an OGP, áit ar cuireadh béim ar an soláthar straitéiseach a neartú; an soláthar agus próisis seirbhíse a leasú; glacadh leis an digitiú; méadú ar rochtain GBM ar chonarthaí poiblí; agus gairmiúlú ar chleachtas an tsoláthair phoiblí.

Lean an OGP de bhearta a chur chun cinn dírithe ar thacú le rannpháirtíocht GBM sa soláthar poiblí. I bhfianaise phaindéim Covid-19, níor tionóladh in 2020 ach dhá chruinniú den Ghrúpa Comhairliúcháin GBM, ar gnách leis tionól uair sa ráithe. Bhí an tAire Stáit nua mar chathaoirleach ar a chéad chruinniú leis an nGrúpa i Meán Fómhair, agus bhí cruinniú eile ann mí na Samhna. Is ar Covid-19 agus saincheisteanna a bhaineann le Breatimeacht a bhí an Grúpa dírithe le linn 2020.

Bhí an Bord Eatramhach Athchóirithe Soláthair dírithe go mór le linn na bliana ar athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir an rialtas, ar phróisis agus ar thuairisciú, leis an gcomhréir a chinntiú i dtaca leis na croíchuspóirí sa chlár athchóirithe soláthair. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar obair chun méadraigh chuí a fhorbairt don tuairisciú agus táthar ag súil go gcuirfear moltaí faoi bhráid an Choiste go luath in 2021.

D’oibrigh an Feidhmeannas um Sholáthar, a thógann ionadaithe sinsearacha soláthair le chéile ón OGP, ó Fheidhmeannas na Seirbhíse Sláinte, ó na Ranna Oideachais agus Cosanta, agus ón Rialtas Áitiúil, chun athchóiriú an tsoláthair a chur chun tosaigh trí fhiosrú a dhéanamh faoi ghnásanna, polasaithe agus tionscnaimh chomónta.

Thosaigh an OGP ar obair a dhéanamh ar athleasú a dhéanamh ar a chreat riosca, agus rinne óstáil ar cheardlann riosca i gcomhar leis an IPA. Tá tuilleadh oibre beartaithe maidir le sainmhíniú, maolúchán ar riosca agus agus sainaithint ar aon deiseanna féideartha.

## 7.2. Soláthar Poiblí Straitéiseach

Lean an OGP den fhorbairt ar an gCreat Beartais don Soláthar Poiblí Náisiúnta (NPPPF). I ngeall ar an gcreat seo tá deis cur chuige níos straitéisí, comhsheasmhaí agus comhordaithe i dtaca leis an soláthar poiblí trí fhorbairt a dhéanamh ar threoirlínte agus ar ghnásanna soláthair. Ar na tionscnaimh is tábhachtaí in 2020 bhí nóta eolais a fhoilsiú faoi Covid-19 i mí an Mhárta agus nóta eolais uasdátaithe faoin bPleanáil Soláthair Chorparáidigh i mí na Samhna.

Bhí an OGP mar chathaoirleach ar dhá chruinniú den Ghrúpa Comhairleach um Sholáthar Straitéiseach, a chuimsíonn oifigigh ó Ranna beartais le cleachtóirí soláthair, agus d’oibrigh i gcomhar leis an dea-chleachtas a roinnt agus éascaíocht a dhéanamh den phróiseas breithnithe sóisialta agus timpeallachta a thabhairt isteach sa soláthar poiblí.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn ar ullmhúcháin OGP i dtaca le deireadh na tréimhse aistrithe do Breatimeacht ar an 31 Nollaig: chuathas i dteagmháil le comhghleacaithe ar fud an Rialtais lena n-áirítear an Grúpa Rúnaithe Cúnta faoi Ullmhacht Breatimeachta; coinníodh i dteagmháil go

dlúth le Coimisiún an AE ar shaincheisteanna poiblí atá bainteach le Breatimeacht; réitíodh Nóta Eolais mionsonraithe faoi Bhreatimeacht agus Soláthar Poiblí le haghaidh gach comhlacht poiblí i mí na Nollag.

## 7.3. Creata Soláthair na Seirbhíse Poiblí

Tá an OGP ar thús cadhnaíochta maidir le feidhmiú an chláir athchóirithe soláthair phoiblí mar chuid den athchóiriú níos leithne ar an earnáil phoiblí. Le linn 2020, bunaíodh réimse leathan socraíochtaí tráchtála náisiúnta agus conarthaí chun cúnamh a thabhairt do chomhlachtaí earnála poiblí maidir le hearraí agus seirbhísí a shlánú.

San iomlán bunaíodh 32 socraíocht tráchtála, a chlúdaíonn caiteachas measta €1.5 milliún le linn a dtéarma. Ar na cinn is suntasaí tá siad siúd a chlúdaíonn Carranna agus Veaineanna Leictreacha, Ceadúnú Microsoft, Cúnamh Fostaithe, Seirbhísí Glantacháin Tráchtála, Ríomhairí Glúine agus Gréasán Slán Digiteach Raidió le haghaidh na seirbhísí éigeandála. Chomh maith leis sin, bunaíodh ocht gcinn de chonarthaí aonair ar son chliaint sa tseirbhís phoiblí a chuimsigh caiteachas dar suim €200 milliún, lena n-áirítear Páipéir Bhallóide chomh maith le réiteach Bainistíochta Áiseanna Iomlána don tSeirbhís Phríosúnachta. Cuireadh 662 comórtas i gcrích do chomhlachtaí seirbhíse poiblí le linn na bliana, a chuimsigh caiteachas €470 milliún.

**Socruithe Tráchtála OGP 2020**




D'éirigh thar barr le OGP ag na Duaiseanna Náisiúnta Soláthair 2020, agus gnóthaíodh trí dhuais aonair. Bhain Clár r-Shonrasc Éireann an OGP an duais ar an Tionscnamh Soláthair is fearr sa Chomhoibriú Seachtrach; bhain an tionscnamh Bogearraí Uathoibrithe an Phróisis Róbataigh an duais ar an Úsáid is Nuálaí Teicneolaíochta'; bhain an OGP an duais as 'Barr Feabhais sa Soláthar'.

## 7.4. Soláthar don Tógáil

An fócas ba phráinní maidir le soláthar sa tógáil ná an teagmháil le páirtithe leasmhara sa tionsclaíocht agus le comhghleacaithe earnála poiblí, agus bainistiú a dhéanamh ar an tionchar ar chonarthaí agus ar thairiscintí a tháinig le srianta agus le bearta sláinte poiblí san ionad oibre, mar fhreagairt do phaindéim Covid-19. Seo a leanas cuid de na forbairtí ba thábhachtaí:

- Foilsíodh cúig cinn de threoirnótaí ó Mhárta go mí Iúil, a dhírigh ar thionscnaimh a chosaint a bhí á bhforbairt faoin NDP;
- Rinneadh óstáil ar chruinniú idir an earnáil árachais agus ionadaithe ó thionscal na tógála chun plé a dhéanamh ar dhúshláin sa mhargadh don Árachas Slánaíochta Gairmiúil. Déanfar moltaí a réiteach i gcomhar leis an nGníomhaireacht Éilimh Stáit agus tá súil leo sin i R1 2021;
- Bhíothas i dteagmháil le páirtithe leasmhara maidir le forbairt ar chaighdeáin maidir le Múnla Eolais Foirgnimh a fheidhmiú agus méadraigh chun measúnú a dhéanamh ar chostas saolré, ag díriú ar an gcarbón corpraithe; agus
- Rinneadh forbairt ar thacar athleasaithe rialacha tomhais le haghaidh tionscnamh tógála tríd an gCoiste Rialacha Tomhais Comhaontaithe, arna gcomhbhainistiú ag Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann agus Cónaidhm na Tógála.

Cuireadh isteach go suntasach ar obair ar athbhreithniú ar bheartais agus ar chleachtais a úsáidtear sa soláthar ar thionscnaimh oibreacha poiblí, a seoladh i Márta 2019, i ngeall ar shrianta na paindéime, rud ab amhlaidh le Coiste Conarthaí Tógála an Rialtais. Mar sin féin, críochnaíodh athbhreithniú ar an gcaoi a ndéantar boilsciú a láimhseáil i gconarthaí a rialaíonn an teagmháil le comhairleoirí agus le conraitheoirí i mí na Nollag, agus tá obair ar siúl chun forbairt a dhéanamh ar pháipéar beartais dá bhun seo, le haghaidh comhairliúcháin. Anuas air sin, tosaíodh ar athbhreithniú ar ról an Bhoird Tionscnaimh agus an Chomhréiteora Sheasmhaigh sna meicníochtaí socraithe díospóide sa chonradh oibreacha poiblí sa dara cuid de 2020, agus táthar ag súil le torthaí air sin i R3 2021.

## 7.5. Teagmháil le Páirtithe Leasmhara

Chuaigh an OGP i dteagmháil go gníomhach le gréasán leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tOireachtas, comhlachtaí ionadaíocha tionsclaíochta agus earnála poiblí, agus ag leibhéal AE agus idirnáisiúnta:

- Chuir OGP **soláthar poiblí straitéiseach chun cinn** ag roinnt imeachtaí earnála agus tionsclaíochta. Bhíothas rannpháirteach i ngrúpa oibre GMB na Roinne Gnó, Fiontraíochta agus Nuálaíochta, agus rinneadh ionadaíocht ar Éirinn ag an leibhéal idirnáisiúnta le Ballstáit ar roinnt saincheisteanna. Bhí cruinnithe déthaobhacha ann le comhlachtaí ionadaíocha tionsclaíochta maidir leis an gclár athchóirithe soláthair a chur chun cinn;

- Bhí dhá chruinniú den **Ghrúpa Comhairliúcháin GBM** le linn 2020. Covid-19 agus Breatimeacht an t-ábhar a bhí faoi chaibidil sa dá chruinniú. Tá na miontuairiscí ar fáil ar www.ogp.ie. Bhí teagmháil le GBManna ag roinnt imeachtaí, lena n-áirítear an freastal ar thaispeántas bliantúil Procurex Éireann ag an RDS, imeacht BusinessConnects an Chumainn Gnólachtaí Beaga i mí Eanáir, rannpháirtíocht sheasmhach in oiliúint Go2Tender InterTrade Ireland, agus tacaíocht d'imeacht casadh leis an gceannaí de chuid Fhiontraíocht Éireann idir comhlachtaí poiblí agus lucht déantúis PPE agus ábhair a bhain le Covid-19;

- **Cliaint na Seirbhíse Poiblí** Bhí Bainisteoirí Cuntas Barrthábhachtach (KAM) an OGP i dteagmháil le cliaint shinsearacha ón tseirbhís phoiblí chun feasacht agus teagmháil a mhéadú le réitigh don soláthar lárnach agus chun tacú le forbairt ar chleachtais straitéiseacha don soláthar. Bhí Deasc Chabhrach Custaiméirí OGP i dteagmháil go díreach le cliaint agus le soláthraithe ón tseirbhís phoiblí i rith 2020 agus rinneadh bainistiú ar bhreis agus 11,000 fiosrúchán ó chomhlachtaí státseirbhíse agus ó sholáthraithe. Réitíodh 94% díobh seo laistigh de 24 uair. Cuireadh trí cinn d'imeachtaí 'Fóram Oifigigh Sholáthair' ar fáil le linn 2020. Ar na hábhair a clúdaíodh bhí: Soláthar Glas agus Breithniú Sóisialta, cur chun cinn na

socruithe lárnacha ón OGP agus Breatimeacht. Bhí ionadaithe ó bheagnach 100 Comhlacht Earnála Poiblí ag na himeachtaí, agus breis agus 150 duine ag freastal ar gach ceann; agus

- Thosaigh **Acadamh Scileanna Tráchtála OGP** ar a chlár oiliúna saindírithe i R4 chun feabhsú a dhéanamh ar acmhainn státseirbhíseach i ranna ardchaiteachais agus i gcomhlachtaí earnála poiblí ar a bhfuil an dualgas tionscadail infheistíochta caipitil phoiblí a sholáthar. Bhí 51 státseirbhíseach ag freastal ar dhianchúrsa 6 lá ar oibriú an Chreata Bainistíochta Oibríochtaí Caipitil. Bhí 750 státseirbhíseach ag freastal ar thrí cinn de Shár-Ranganna leathlae ar ábhair shainiúla a bhain le soláthar nó le soláthar tionscadal.

## 7.6. Úsáid Mhéadaithe na Teicneolaíochta Digití

Sainaithníodh an tAistriú Digiteach mar mhír lárnach i Ráiteas Straitéise OGP agus an eagraíocht ag iarraidh luas a chur faoi sholáthar digiteach a chuid seirbhísí ar bhealach inrochtana seasmhach iomasach. Tá OGP ag iarraidh na próisis phoiblí a leasú agus a chuíchóiriú mar aon leis na struchtúir thacaíochta is riachtanach chun an soláthar trédhearcach éifeachtúil a chur ar fáil, lena n-áirítear trí straitéis nua r-Sholáthair. Tá na tionscnaimh is tábhachtaí leagtha amach thíos:

- D'fhorbair foireann Chórais agus Sonraí OGP suíomh gréasáin Covid-19 chun rochtain a chur ar fáil ar bhunachar sonraí seasmhach de na tairiscintí ar thacaíocht a bhí gnólachtaí a chur ar fáil mar chúnamh le freagairt na hÉireann do Covid-19;

- Rinneadh dul chun cinn suntasach leis an **Tionscnamh Ardán ríomh-Thairiscintí** maidir le conradh nua a shocrú don Ardán r-Thairiscintí mar chomharba ar an gceann reatha, a bheidh ídithe in 2022. Rinne Údarás Deartha agus Coiste Stiúrtha trasearnála éascaíocht ar chur chuige ionchuimsitheach maidir leis an gcéad chonradh eile a bhunú, atá réidh anois le dul chun margaidh. Tugadh faoin teagmháil le hearnáil an ghnó trí Ghrúpa Comhairleach GBM an OGP agus trí shuirbhé poiblí ar líne dírithe ar Oibreoirí Eacnamúla. Beidh mórchuid oibre i gceist leis an aistriú go dtí an t-ardán nua in 2021, agus beidh tionchar aige ar gach comhlacht poiblí.

- Lean an OGP, trína **chlár Ríomh-Shonraisc**, dá fheachtas cumarsáide agus teagmhála le páirtithe leasmhara chun éascaíocht a dhéanamh ar chomhlíonadh Earnáil Phoiblí na hÉireann leis an reachtaíocht Ríomh-Shonraisc agus chun an digitiú a chur chun cinn le gur fearr an leas a bhainfear as. Tá cur chuige agus pobal náisiúnta Ríomh-Shonraisc bunaithe, mar dhúshraith don chomhoibriú san aistriú digiteach leanúnach ag leibhéal náisiúnta agus AE, agus tá obair ar siúl chun an Ríomh-Shonrasc a shocrú laistigh de na cláir athchóirithe dhigiteacha níos leithne. Tá comhlíonadh Ríomh-Shonraisc bainte amach ag 85% de chomhlachtaí an Rialtais Lárnaigh, trí úsáid a bhaint as Creat Ríomh-Shonraisc an OGP, agus tá gach príomh-Sheirbhís Chomhroinnte Airgeadais sa tSeirbhís Phoiblí tar éis acmhainn ríomhshonraisc a bhunú dá gcliantchomhlachtaí poiblí, nó tá sin ar siúl acu i láthair na huaire.

  Mar aitheantas ar thorthaí agus ar chomhoibriú tras-Eorpach, trasearnála an Chláir Ríomh-Shonraisc, ghnóthaigh an OGP Duais 2020 ar an Tionscnamh is Fearr sa Chomhoibriú Seachtrach Soláthair' ag na duaiseanna Soláthair Náisiúnta; agus


- Maidir le **hacmhainn TFC inmheánach**, thug an OGP faoi roinnt tionscadal, lena n-áirítear: acmhainní nua anailísíochta a chuireann ar chumas daoine ar fud OGP teacht ar shonraí trí dhaischláir agus trí thuarascálacha; tosú ar thionscadail trasfheidhme Leasaithe Próiseas Gnó chun an éifeachúlacht a spreagadh agus chun leas níos fearr a bhaint as córais

dhigiteacha reatha; agus bunaíodh feidhm Tionscadail Aistrithe go Digiteach chun díriú ar an bhfoireann OGP a chumasú agus a spreagadh maidir leis an soláthar seirbhíse.

## 7.7. Tuarascáil ar Chaiteachas agus ar Anailís Tairisceana na Seirbhíse Poiblí

I gcomhréir le sainordú an OGP an trédhearcacht a mhéadú sa soláthar poiblí agus chun feabhsú a dhéanamh ar an anailísíocht sonraí maidir leis an gcaiteachas poiblí ar earraí agus ar sheirbhísí, críochnaíodh an Tuarascáil ar Chaiteachas agus ar Anailís Tairisceana na Seirbhíse Poiblí in 2018. Seo an séú tuarascáil dá leithéid agus rinneadh anailís inti ar €4.8 billiún, suim is ionann agus 81% den chaiteachas bliantúil measta ar sholáthar poiblí, faoi shainordú an OGP agus a chuid páirtithe earnála, in éineacht le 4,413 d'fhógraí tairisceana seirbhíse poiblí a foilsíodh ar eTenders.gov.ie agus €12.6 billiún de luach conartha measta i gceist. Léirigh an tuarascáil gur le comhlachtaí sa Stát a caitheadh 92% den chaiteachas a anailísíodh, agus is le GBManna a caitheadh an chuid is mó.

**Dáileadh Caiteachais Seolta Bliantúil ar Sholáthar Poiblí**




## 7.8. Tacaíocht d'Fhoireann OGP

Mar thaca ag an Straitéis Daoine EMPOWER de chuid an OGP tá plean mionsonraithe feidhmithe a leagann amach seacht gcinn de théamaí lárnacha agus amscálaí agus táscairí rathúnais le haghaidh gach cuspóra (Teagmháil, Difear a Dhéanamh, Dearcadh Dearfach, Deis, Folláine, Saineolas agus Aitheantas).

In 2020, díríodh go sonrach, i gcomhthéacs Covid-19, ar fholláine agus ar shláinte daoine a chur chun cinn agus a fheabhsú. Leasaíodh an straitéis Folláine chun dul i ngleic leis na tionchair ar an bhfoireann maidir le haistriú go dtí an chianobair, agus cuireadh réimse leathan de dheiseanna oiliúna agus tacaíochta ar fáil trí ranganna fíorúla. D'aithin comhlacht gairmiúil AD (CIPD) an fhoireann Daoine & Cultúr mar Fhoireann AD na Bliana 2020 as an obair theagmhála a rinne siad maidir leis an Straitéis Daoine EMPOWER a fhorbairt. Chomh maith leis sin, bhí méadú 11% ar scór folláine an OGP mar scothionad oibre (GPTW) Bhliain 2. Seo an dara bliain a bhí OGP páirteach in GPTW agus in ainneoin na ndúshlán a bhí ann, ardaíodh scór iomlán an OGP go dtí 64% (ó 55% in 2019), rud a fhágann go bhfuil siad faoi aon phointe céatadán den chreidiúnú.

Chríochnaigh breis agus 40 fostaí cúrsaí Breisoideachais in 2020 agus rinneadh ceiliúradh air seo ag na Duaiseanna Aitheantais Breisoideachais.

# 8 Tacaíocht don Fhoireann a gCuspóir a Bhaint Amach

## 8.1. Straitéis People@PER

Cumasóir ríthábhachtach é an tAonad Straitéise HR a ligeann don Roinn a croífheidhmeanna caiteachais agus athchóirithe a chomhlíonadh trína chinntiú gur féidir leis an bhfoireann an cion is éifeachtúla agus is féidir a thabhairt agus go bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an t-iompar acu is riachtanach lena spriocanna a bhaint amach. Is é atá freagrach as soláthar a dhéanamh ar réimse leathan seirbhísí AD a sholáthar mar aon le Straitéis People@PER 2017-2020 na Roinne.

Tugtar sa Straitéis, a forbraíodh chun aird a thabhairt ar Dhualgas Earnála Poiblí na Roinne, creat mar threoir do leathadh amach na dtionscnamh atá lárnaithe ar dhaoine, mar thaca le cuspóirí na roinne a ghnóthú agus dea-thionchar a imirt ar chultúr ár n-eagraíochta. Tá na téamaí sa straitéis i gcomhréir le Ráiteas Straitéise na Roinne, Clár Athchóirithe na Státseirbhíse 2017-2020 agus Ár Seirbhís Phoiblí 2020.

Díríodh go sonrach in 2020 ar Straitéis Sláinte agus Folláine na Roinne – Your PERsonal Wellbeing. Tugann an straitéis seo cur chuige uilíoch ar fáil maidir le coincheap na Sláinte agus na Folláine agus cuireann sé leis an ról agus seirbhísí barrthábhachtacha atá seachadta cheana ag an tSeirbhís Chúnta Fostóirí Státseirbhíse agus Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis. Déantar ann athnuachan agus saintréithiú ar ghealltanas na Roinne maidir le cultúr folláine a chothú i measc na foirne. Is ardán í an Straitéis do chlár uaillmhianach oibre a bheidh mar thaca leis an Roinn maidir lena cuspóirí a bhaint amach.

## 8.2. Comhpháirtíochtaí Gnó AD

Tá feidhm Comhpháirtíochtaí Gnó AD (HRBP) mar sheirbhís chomhairliúcháin don bhainistíocht shinsearach agus don fhoireann, lena n-áirítear oiliúint agus tacaíocht a chur ar fáil don bhainistiú líne maidir le feidhmiú an bheartais agus phróisis HR chun tacú leo agus an t-athrú á bhrú chun cinn.

Díríodh go sonrach in 2020 ar thacú leis an eagraíocht maidir lena freagairt do phaindéim Covid-19 agus an t-aistriú go dtí an chianobair. Bhí feidhm na Comhpháirtíochta Gnó lárnach maidir leis an straitéis ‘Your PERsonal Wellbeing’ a dhearadh agus a leathadh le cois leathadh clár cuimsitheach imeachtaí Offsite / Insight a cuireadh ar fáil go fíorúil don fhoireann.

Leanadh den chur chuige straitéiseach ar fud na Roinne maidir le leithdháileadh acmhainní foirne lena chinntiú go bhfuil comhréir le tosaíochtaí gnó. Bhí 6 chruinniú le linn na bliana den Ghrúpa Pleanála Lucht Saothair chun athbhreithniú a dhéanamh ar fhorbairtí beartais / tionscnaimh AD.

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt do ranna trí éascaíocht a dhéanamh ar Cheardlanna Pleanála Gnó, thacaigh na Comhpháirtíochtaí Gnó le hearcaíocht agus le socrú na foirne nua sa Roinn agus d’oibrigh siad go dlúth le bainistíocht IGEES maidir le feachtais shaindeartha earcaíochta le linn na bliana.

Leanadh den díriú ar chaidreamh seasmhach a chothú le tionsclaíocht trí mheicníocht fhoirmiúil Chomhairle na Roinne agus trí theagmháil leanúnach le hionadaithe ar thaobh na foirne. Rinne

na Comhpháirtithe gnó bainistiú ar líon mór cásanna trasghníomhaíochta AD agus fiosrúcháin chasta faoi chaidreamh le fostaithe.

## 8.3. Oibríochtaí AD

Rinne foireann Oibríochtaí AD bainistiú ar líon mór fiosrúchán a bhain le hoibríochtaí in 2020, chomh maith le gluaiseacht na foirne. Bhí san áireamh ansin bainistiú a dhéanamh ar 15 d'fhoireann a fuair ardú céime ó chomórtais oscailte agus dúnta, chomh maith le 12 d'fhoireann dul ar scor. Bhí ról tábhachtach ag feidhm na hearcaíochta agus na fostaíochta maidir le tacú leis an Roinn a clár athchóirithe a sholáthar, agus rinne an córas r-Earcaíochta ar líne, a seoladh i mí na Samhna 2019, éascaíocht ar éifeachtúlachtaí.

D'fhorbair foireann Oibríochtaí AD córas ar líne chun plé leis an bpróiseas ionduchtaithe mar fhreagairt don aistriú chun na cianoibre, a bhí thar a bheith luachmhar ag tacú leis an bhfoireann nua ina róil.

## 8.4. Forbairt na hEagraíochta

Bhí athruithe suntasacha ar thionscnaimh foghlama agus forbartha eagraíochtúil i ngeall ar na dúshláin agus na deacrachtaí a tháinig le paindéim Covid-19. In ionad an ghnáthsholáthair foghlama agus forbartha bunaithe ar an seomra ranga, tháinig an fhoghlaim ar líne, agus seoladh ardán na Roinne ***Off-Site: Insight eLearning*** chun éascaíocht a dhéanamh ar aistriú mear chuig an gcianfhoghlaim.

Bhí 424 ball foirne rannpháirteach i dtionscnamh amháin nó níos mó a bhain le foghlaim agus forbairt fhoirmiúil in 2020, agus bhí 305 ball foirne san iomlán gafa le himeacht amháin nó níos mó ar an ardán ríomhfhoghlama Off-site: Insight. Cláraíodh 2,429 lá oiliúna foirmiúil in 2020. Aithníodh aibíocht na foghlama agus na forbartha sa Roinn nó bhain an Roinn duais Curadh AD na hÉireann 2020, agus gearrliostaíodh í don Duais HR CIPD na hÉireann 2020.

Cuireadh le hidirbheartaíochtaí foghlama agus forbartha le Scéim Chuimsitheach Oiliúna tar éis Iontrála, a thacaigh le 23 ball foirne dul le cláir acadúla i réimse ábhair léinn. Orthu sin bhí airgeadas, eacnamaíocht, AD, caidreamh tionsclaíoch, anailís bheartais, léann an dlí, ceannaireacht, córais faisnéise agus bainistiú poiblí. Is cuid lárnach í an Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) maidir le breis oiliúna a chur ar an bhfoireann agus lena ngairmiúlú. Éascaíodh an FGL i ngach rannóg sa Roinn chun freastal a chlúdach ar sheimineáir, ar chomhdhálacha, ar chláir ghairide oiliúna poiblí, agus síntiúis do chomhlachtaí gairmiúla.

## 8.5. Bainistiú Corparáideach

Thug Oifig Chorparáideach na Roinne tacaíocht chorparáideach don Rúnaí Cúnta, don Bhord Bainistíochta agus don Roinn go ginearálta, lena n-áirítear riarachán agus próiseáil a dhéanamh ar Cheisteanna Dála, Iarratais faoi Chosaint Sonraí, Meamraim r-Chomh-Aireachta don Rialtas, Iarratais faoi Shaoráil Faisnéise agus Ionstraimí Reachtúla. Rinneadh comhordú freisin ar chur chuige na Roinne maidir le rialachas, bainistiú riosca agus beartais soláthair agus lena creat comhlíonta a chur i bhfeidhm. Chuir sé ionchuir shainiúla uile na Roinne i dtoll a chéile maidir leis an tionscadal Rialtas Glas, lena n-áirítear sonraí a chruinniú faoi sholáthar conarthaí Rialtais a dearadh chun a chinntiú gur lú an tionchar ar an timpeallacht a bheidh ag an táirge nó an tseirbhís a soláthraíodh.

Seo thíos na tascanna agus na torthaí ba mhó le linn na bliana:

- Réitíodh na cáipéisí a leanas don Roinn:Tuarascáil Bhliantúil 2019; Plean Gnó do 2020; agus Ráiteas Straitéise 2021-2023;
- Comhordú ar bhainistiú rioscaí straitéiseacha ardleibhéil agus aonaid ghnó sa Roinn;
- An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (RGCS) a chur i bhfeidhm;
- Maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú bheartas soláthair na Roinne;
- Uasdátú agus scaipeadh ar Bheartas leasaithe Bainistithe Taifead don Roinn;
- Leathadh amach an chórais nua r-Chomh-Aireachta laistigh den Roinn, i gcomhar le OGCIO agus le Roinn an Taoisigh;
- Forbairt ar an bpróiseas Pleanála don Leanúnachas Gnó chun dul i ngleic le tionchair ó phaindéim Covid-19; agus
- Maoirseacht ar an gCreat Rialachais TFC a fheidhmiú agus, i gcomhar leis an bPreas-Oifig agus leis an Aonad AD, uasdátú a dhéanamh ar Bheartas Meán Sóisialta na Roinne.

Rinne an tAonad Airgeadais leasú ar an mbainistíocht airgeadais sa Roinn, mar a leanas: Cuntais Leithdháilte a réiteach (Vóta 11 Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe & Vóta 43 Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais); Meastacháin bhliantúla na Roinne agus OGCIO a chruthú; tacaíocht ghnó agus comhairle a chur ar fáil do rannóga na Roinne; athbhreithniú a dhéanamh ar chuntais na nOifigeach Comhairimh tar éis gach toghcháin; leasú ar an rialachas, ar chomhlíonadh agus ar phróisis airgeadais; an Roinn agus an OGCIO a threorú agus a stiúradh san aistriú chuig an tSeirbhís Chomhroinnte Bainistithe Airgeadais.

Thug Oifig an Aire tacaíocht fheidhmeannach don Aire ina ról mar cheannaire polaitiúil na Roinne, agus chinntigh go ndearnadh próiseáil chuí ar obair sa Roinn a d’éiligh aird an Aire.

Thug Oifig an Ard-Rúnaí tacaíocht don Ard-Rúnaí i gcomhthéacs a chuid freagrachtaí faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.
Tá riachtanas faoi leith ag an ról leathan seo maidir le feidhmiú éifeachtach na Roinne agus bíonn obair i gceist ann i gcomhar leis an Ard-Rúnaí agus le gach Rannóg sa Roinn.

Rinne an Phreas-Oifig ionadaíocht ar an bhfís, ar an miseanráiteas agus ar luachanna agus obair an Aire chun cumarsáid straitéiseach éifeachtach a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha.

## 8.6. Iniúchadh Inmheánach agus AE

Cuireann an tAonad um Iniúchadh Inmheánach agus AE seirbhís iniúchta ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus don Roinn Airgeadais agus is é féin an tÚdarás Iniúchóireachta ainmnithe d’Éirinn i gCiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa (ERDF), mar a cheanglaítear faoi rialacháin an AE. Tá an obair a rinneadh mar Údarás Iniúchóireachta ERDF clúdaithe i Roinn 2.6 den Tuarascáil seo.

Is amhlaidh a bhí moill ar fhoilsiú chuid den iniúchadh inmheánach a beartaíodh le linn 2020 i ngeall ar an gcorraíl a tháinig le paindéim Covid-19, cuirfear críoch den chuid is mó ar an gclár bliantúil iniúchóireachta sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoi Mhárta 2021. Cuireadh athbhreithniú ar chultúr, faoi cheannas na Foirne Iniúchóireachta Inmheanaí agus Aonad Straitéiseach AD, ar athlá i Márta 2020 agus tosaíodh air sin arís in Eanáir 2021.

Is é an ról atá ag Iniúchadh Inmheánach ná athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur ar ghnéithe ríthábhachtacha de na próisis atá sa Roinn. Ar na réimsí a athbhreithníodh tá

an RGCS, an tuilleamaí ar sholáthraithe ar thríú páirtithe, agus maoirseacht ar chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

Mar chuid dá chomhaontú leis an Roinn Airgeadais i dtaca le hiniúchadh inmheánach, chríochnaigh an tAonad Iniúchóireachta clár laghdaithe iniúchtaí inmheánacha i dtaca lena chlár 2020, agus rinne tuairisciú faoi na torthaí do Choiste Iniúchta na Roinne sin.

Le linn 2020, rinneadh measúnú seachtrach cáilíochta ar an Aonad, á chur i gcrích ag Cumann Cairte Iniúchóirí Inmheánacha, an comhlacht a leagann síos na caighdeáin sa RA agus in Éirinn. Shocraigh an measúnú gur ghnóthaigh an tAonad ‘leibhéal ard comhlíonta Chaighdeáin IIA agus meastar go bhfuil sé sa cheathrú cuid is uachtaraí de na feidhmeanna iniúchta inmheánaigh a ndearna an IIA Cairte athbhreithniú orthu”.

## 8.7. Oifig an Phríomh-Oifigigh Leighis (CMO)

Thug an CMO comhairle leighis do lucht saothar ina bhfuil timpeall 42,000 státseirbhíseach, oifigeach príosúin, fostaithe i dtionscail stáit agus fostaithe i dtionscal cosanta. Chuir sé comhairle ar fáil freisin do réimse eile d'eagraíochtaí earnála poiblí agus leathstáit / neamhthráchtála. Bhí san áireamh ann sin comhairle leighis réamhfhostaíochta don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir le poist FSS agus údaráis áitiúla.

Bhí an CMO gafa go láidir le saincheisteanna sláinte agus oibre a bhain le Covid-19 sa Státseirbhís féin agus sa tseirbhís phoiblí níos leithne, in earnáil an oideachais go háirithe. Rinne sé ath-imlonnú sealadach ar dhuine dá dhochtúirí ó FSS chun cabhrú le rianú Covid-19 bunaithe san ospidéal. Bhí an CMO gar i rith ama don soláthar iomlán seirbhíse, agus phléigh sé le beagnach 10,500 imeacht a bhain le bainistiú cáis in 2020, thar timpeall 53 Roinn agus Oifig, ar an teileafón agus ar fhíseán araon. Cuireadh tástálacha Sláinte ar nós closghram ar fáil ina oifig i mBaile Átha Cliath, agus rinneadh imdhíontaí den chuid is mó sna hionaid oibre féin, amhail na príosúin.

# Aguisín 1: Soláthar Poiblí Glas

Tá sonraí thíos faoi chonarthaí soláthair dar suim níos mó ná €25,000 a síníodh sa bhliain 2020, a bhfuil critéir ghlasa iontu a dearadh chun a chinntiú gur lú an tionchar ar an timpeallacht a bheidh ag an táirge nó ag an tseirbhís a sholáthraítear.

| ***Bliain Tagartha: 2020*** ***Earnáil Tosaíochta*** | ***Líon iomlán conarthaí dar suim níos mó ná €25,000 a d'eisigh earnáil tosaíochta*** | ***Luach iomlán conarthaí dar suim níos mó ná €25,000 a d'eisigh earnáil tosaíochta (€)*** | ***Líon iomlán conarthaí dar suim níos mó ná €25,000 a d'eisigh earnáil tosaíochta a bhfuil GCC corpraithe iontu*** | ***Luach iomlán conarthaí dar suim níos mó ná €25,000 a d'eisigh earnáil tosaíochta a bhfuil GCC corpraithe iontu (€)*** |
|---|---|---|---|---|
| Iompar | | | | |
| Tógáil | | | | |
| Fuinneamh | | | | |
| Seirbhísí Bia agus Lónadóireachta | | | | |
| Táirgí agus Seirbhísí Glantacháin | | | | |
| Teicstílí | | | | |
| Trealamh TF | | | | |
| Páipéar | | | | |
| Eile (Comhairliúchán agus Oiliúint) | 6 | 1,220,000 | 0 | 0 |
| Eile (Ceadúnais Bogearraí) | 1 | 127,000 | 0 | 0 |
| **Iomláin** | **7** | **1,347,000** | **0** | **0** |

# Aguisín 2: Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí

**Dualgas comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí a fheidhmiú sa Roinn**
Tá an Dualgas Comhionannais agus Chearta an Duine na hEarnála Poiblí (an Dualgas Earnála Poiblí) leagtha amach in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Chomhionannas 2014. Is oibleagáid reachtúil é ar chomhlachtaí poiblí, agus iad i mbun a gcuid feidhmeanna, aird a thabhairt ar an ngá atá le deireadh a chur le leithcheal, comhionannas deise a chur chun cinn agus cearta daonna baill foirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint. Cuirtear d'iallach ar chomhlachtaí poiblí dul chun cinn a mheasúnú, tabhairt faoi agus tuairisciú air, maidir le comhionannas agus cearta an duine, ar shlí atá inrochtana ag an bpobal.

Nuair a chuirtear san áireamh an cineál róil atá ag an Roinn, ní chuireann sí, de ghnáth, seirbhísí díreacha ar fáil don phobal i gcoitinne ná do ghnólachtaí. Mar sin féin, téann na hoibleagáidí Dualgas Earnála Poiblí i gcion ar fheidhmeanna na Roinne ar bhealaí iomadúla. Chun tabhairt faoi seo agus a chinntiú gur bonn eolais é i leith gach róil ábhartha sa Roinn ar bhonn leanúnach, cuimsítear sa Ráiteas Straitéise, i rannán ***Luachanna***, tiomantas:

> *"Caitheamh le comhghleacaithe agus leo sin dá gcuirimid seirbhísí ar fáil ar bhonn cothroime, ar aon dul lenár n-oibleagáidí Chearta an Duine agus Comhionannais na hEarnála Poiblí."*

Cuimsítear i rannán ***Torthaí Beartaithe*** an Ráitis Straitéise na torthaí seo a leanas a bhaineann le Dualgas Earnála Poiblí na Roinne a chomhlíonadh:

- Athchóirithe lena dtacaítear le barr feabhais i soláthar seirbhíse poiblí agus ceapadh beartais straitéiseach;
- Eispéireas níos fearr d'úsáideoirí seirbhíse agus iad i mbun gnó le rialtas, go háirithe i mbun gnó go digiteach;
- Struchtúir riaracháin níos cuntasaí agus níos trédhearcaí, ar cuidiú iad chun cur le muinín an phobail;
- Foireann atá tiomanta dá gcuid oibre agus timpeallacht oibre dhearfach, chomhoibríoch; agus
- Soláthar éifeachtúil, éifeachtach seirbhísí do chomhlachtaí poiblí bainteacha.

Baineann an Roinn feidhm as na bunmhodhanna seo a leanas chun dul i gceann a hoibleagáidí Dualgas Earnála Poiblí:

- An Tionscnamh Buiséadú Comhionannais;
- Ár Seirbhís Phoiblí 2020 (OPS2020);
- An Straitéis Daoine don Státseirbhís 2017-2020;
- An Straitéis People@PER 2017-2020; agus
- An Straitéis Sláinte agus Folláine na Roinne – Your PERsonal Wellbeing.

Riachtanais an Dualgais Earnála Poiblí an bonn eolais a bhí faoi fhorbairt a bhfuil thuas agus is é an bonn céanna a bheidh faoi straitéisí leantacha feasta. Tá dul chun cinn ina leith uile leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus tá sé ar fáil fosta ar leithligh in www.gov.ie agus www.ops2020.gov.ie maidir le tionscnaimh phoiblí.